The total future minimum lease payments under non cancellable operating leases are:

	2022 €	2021 €
Not later than one year	1,495	5,142
Later than one year and not later than five years	-	5,128
	1,495	10,270

## 7.4 Networking Events

DHDA's policy on networking events ensures that a high standard of probity and accountability is maintained and that instances where expenditure is incurred on food and/or drink are managed responsibly and with business purpose.

## 7.5 Dissolution Costs

Following the Government announcement on 27th April 2021 to dissolve the DHDA and transfer the assets to the Land Development Agency, the DHDA incurred additional legal and professional fees in relation to this matter.

## 7.6 Smart D8 Expenditure

In 2020, the DHDA launched Smart D8 with Dublin City Council and St. James's Hospital. The initiative was set up to develop an innovative solution to population health and wellbeing in Dublin 8. It involves several elements such as working with local residents, healthcare providers, industry partners start-ups and academic researchers to develop applications which could positively impact city life and the health and wellbeing of citizens in the decades to come. Due to the success of the Smart D8 initiative the project is being extended for an additional two-years from October 2022. The DHDA as lead partner, are in receipt of Smart D8 funding from various partners for the next phase of the project. The DHDA also contributed €30,000 in 2022 to the project. The DHDA has provided for €199,838 of expenditure against the funding received which has been allocated to programmes or salaries over the next two years.

## Notes to the Financial Statements (cont.)

For the year ended 31st December 2022

### 8. Community Liaison

Relates to the cost of providing local community programmes.

	2022 €	2021 €
Programme Delivery	81,720	33,518
Other Costs	1,950	67,462
	<b>83,670</b>	<b>100,980</b>

### 9. Digital Initiatives

Relates to the cost of digital projects and initiatives which provide a test-bed for use of digital media.

	2022 €	2021 €
Future Creators	19,995	3,152
Smart D8	30,000	-
	<b>49,995</b>	<b>3,152</b>

Costs of €18,748 were capitalised bringing the total spend in relation to the Community Liaison and Digital Initiatives budget to €152,413.

### 10. Property, Plant and Equipment

	Development Assets €	Fixtures & Fittings €	Computer Equipment €	Total €
<b>Cost/Valuation</b>				
at 1 January 2022	39,900,012	2,910,604	1,460,548	44,271,164
Additions	36,680	279,336	9,132	325,148
Disposals	-	-	(54,000)	(54,000)
Revaluation	(6,561,680)	-	-	(6,561,680)
<b>At 31 December 2022</b>	<b>33,375,012</b>	<b>3,189,940</b>	<b>1,415,680</b>	<b>37,980,632</b>
<b>Depreciation</b>				
at 1 January 2022	-	2,777,637	1,331,096	4,108,733
Charge for year	-	57,803	33,298	91,101
<b>At 31 December 2022</b>	<b>-</b>	<b>2,835,440</b>	<b>1,364,394</b>	<b>4,199,834</b>
<b>Net Book Value</b>				
at 1 January 2022	39,900,012	132,967	129,452	40,162,431
<b>at 31 December 2022</b>	<b>33,375,012</b>	<b>354,500</b>	<b>51,286</b>	<b>33,780,798</b>

## 11. Investment Properties

The movement in the carrying value of the assets held as Investment Properties is set out below.

	31 Dec 2021	Additions	Disposal	Reclass	Revalue	31 Dec 2022
Investment Properties	€	€	€	€	€	€
Digital Depot	4,750,000	29,207	-	-	(729,207)	4,050,000
Gatelodge	700,000	-	-	-	(50,000)	650,000
Digital Court	4,000,000	-	-	-	(250,000)	3,750,000
10-13 Thomas Street	1,250,000	-	-	-	(50,000)	1,200,000
157 Thomas Street	1,650,000	-	-	-	(200,000)	1,450,000
85-87 Thomas Street	650,000	-	-	-	(50,000)	600,000
Townhouse Twenty2	1,250,000	-	-	-	(50,000)	1,200,000
Bonham Street car spaces	550,000	-	-	-	(50,000)	500,000
Grainstore	3,950,000	492	-	-	(250,492)	3,700,000
	<b>18,750,000</b>	<b>29,699</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>(1,679,699)</b>	<b>17,100,000</b>

## 12. Revaluation of Properties

- (i) FRS 102 requires revaluation each year to fair value (equivalent to open market value) of investment properties with value changes taken to Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves. The cost less depreciation model is used only if fair value cannot be measured reliably without undue cost or effort. DHDA has engaged a professional firm of valuers to carry out an independent valuation of the Agency's properties.
- (ii) Due to movements in property values in recent years, independent valuations were conducted by a professional firm of valuers as at 31st December 2022 which resulted in material impairment charges.
- (iii) The valuation was determined on the basis of rental income while taking account of the short-term nature of the various licences and leases, the location, the condition of the properties and general market conditions.
- (iv) DHDA is restricted to using the relevant properties for digital enterprises and mixed development purposes. This was taken into account in determining the valuations.

### Development Assets

As outlined in the Accounting Policies, Development Assets are valued using the revaluation model.

The independent valuation of the Development Assets as at 31st December 2022 resulted in an overall downward revaluation of €6,561,680 (2021: upward of €4,794,439), which is recognised in the Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves.

### Investment Properties

The independent valuation of the Investment Properties as at 31st December 2022 resulted in an overall downward revaluation of €1,679,699 (2021: downward of €1,608,874) which was recognised in the Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves for the year ended 31st December 2022.

## Notes to the Financial Statements (cont.)

For the year ended 31st December 2022

### 13. Taxation

DHDA is liable to Corporation Tax in respect of interest income (Case III/IV) and rental income (Case V). DHDA also provides for Deferred Tax on a 'full provision' basis arising from timing differences between the recognition of gains or losses in the financial statements and their recognition in a tax computation.

a) Taxation charged/(credited) to the Income and Expenditure Account was as follows:

	2022 €	2021 €
<b>Current tax:</b>		
Irish tax on profits of the financial year	-	(21,003)
<b>Total current tax</b>	<b>-</b>	<b>(21,003)</b>
<b>Deferred tax:</b>		
Origination and reversal of timing differences	(535)	(4,716)
Overprovision in prior years	-	-
<b>Total deferred tax</b>	<b>(535)</b>	<b>(4,716)</b>
<b>Total tax</b>	<b>(535)</b>	<b>(25,719)</b>

Section 610 of the Taxes Consolidation Act 1997 (Schedule 15) provides an exemption to DHDA from Capital Gains Tax on disposals made on or after 1st January 2008. For all other tax liabilities, the Digital Hub Development Agency strives to be exemplary in its compliance with taxation laws and in accordance with its tax obligations.

b) Reconciliation between tax expense included in profit and loss and profit on ordinary activities before tax multiplied by the applicable tax rate:

The tax assessed for the financial year is different to the standard rate of corporation tax in Ireland (25%). The differences are explained below:

	2022 €	2021 €
(Deficit) Surplus on ordinary activities before tax	(8,601,458)	2,980,676
(Loss) Profit on ordinary activities multiplied by applicable rate of tax in the ROI of 25% (2021 25%)	(2,150,365)	745,169
Effects of:		
Expenditure not deductible	83,858	42,570
Capital allowances in excess of depreciation	(3,261)	(12,351)
Utilisation of excess capital allowances	9,423	-
Deferred tax	(535)	(4,716)
Movement in fair value of Investment Properties (not subject to tax)	2,060,345	(796,391)
<b>Tax on (loss) profit on ordinary activities (note 13(a))</b>	<b>(535)</b>	<b>(25,719)</b>

**14. Receivables**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Rental Receivables	19,812	10,723
Corporation Tax	10,365	70,096
Other Receivables & Prepayments	178,068	126,728
Deferred Tax Asset*	39,826	39,291
Accrued Income	5,625	24,318
VAT	-	14,605
	<b>253,696</b>	<b>285,761</b>
<b>*Deferred Tax Asset</b>		
On Fixtures & Fittings	39,826	39,291
<b>Movement in temporary differences during the year</b>	<b>Balance 31</b>	<b>Recognised</b>
	<b>Dec 2021</b>	<b>in I&amp;E</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
On Fixtures & Fittings	39,291	535
		<b>Balance 31</b>
		<b>Dec 2022</b>
		<b>€</b>

**15. Payables (amounts falling due within one year)**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Payables and Accruals		
– Operations	430,015	322,938
– Property Development	663,817	752,687
PSWT and Relevant Contracts Tax	8,977	16,577
Sundry Deductions	11,808	4,012
Holiday Pay Accrual	8,274	16,083
VAT	6,817	-
Tenants' Security Deposits	156,633	232,765
Deferred Income	43,257	12,995
PAYE and PRSI	33,874	33,471
	<b>1,363,472</b>	<b>1,391,528</b>

In December 2022, the Digital Hub Development Agency was awarded €43,257 from Science Foundation Ireland (Discover Programme) which related to the 2023 financial year and this amount was treated as deferred income.

## Notes to the Financial Statements (cont.)

For the year ended 31st December 2022

### 16. Capital Account

		2022	2021
		€	€
1 Jan	Opening Balance	61,779,575	61,158,575
	Funding: Exchequer		
	- Development Works	735,000	621,000
31 Dec	Closing Balance	62,514,575	61,779,575

### 17. Pension Costs

#### a) Pension Scheme

Under Section 21 of the Digital Hub Development Agency Act 2003, DHDA provides a scheme for the granting of superannuation benefits to and in respect of its staff members, subject to Ministerial approval. DHDA's Superannuation Scheme and Spouses and Children's Pension Scheme were operated on an approved 'administrative basis' until formally sanctioned on 27th March 2017 by the Minister for the Environment, Climate & Communications with the consent of the Minister for Public Expenditure & Reform. The Superannuation scheme provides retirement benefits (lump sum and pension) and death gratuity benefits in respect of death in service. The Spouses and Children's Pension scheme provides pension benefits for surviving spouses and dependent children of deceased members. The benefits payable to members of the Single scheme are provided for under the terms of that scheme under the management of DPER. Both schemes are unfunded defined benefit superannuation schemes.

Pension levies are deducted from salaries and paid over to the Department of the Environment, Climate & Communications annually together with the employer contribution. Under the arrangement in place, DECC will reimburse in full the pension liability of the Agency as and when those liabilities fall due. DHDA recognises its right to the reimbursement as a separate asset.

The Board has adapted the treatment and disclosures required by the accounting standard, Financial Reporting Standard 102 (Retirement Benefits) to reflect the arrangements in operation. The FRS 102 pension liability at 31st December 2022 is €3,255,000 (2021: €4,686,000).

The results set out below are based on an actuarial valuation of the pension liabilities in respect of Agency staff as at 31st December 2022. This valuation was carried out by a qualified independent actuary for the purposes of FRS 102.

#### b) Financial Assumptions

The financial assumptions used to calculate scheme liabilities under FRS 102 are:

	2022	2021
Discount rate	3.5%	1.2%
Salary rate increase	4.00%	3.5%
Pension rate increase	3.50%	3.00%
Inflation rate increase	2.50%	2.00%
Life expectancy at age 65: Male	21.9 years	21.8 years
Life expectancy at age 65: Female	24.3 years	24.2 years

**c) Pension Costs**

## i) Analysis of total pension costs charged to expenditure

Pensions Cost of €140,230 charged to the Income and Expenditure Account is in accordance with funding arrangements agreed with DECC. In the absence of the reimbursement arrangement, the impact on costs would have been:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Employer Contributions (Main scheme)	87,483	52,645
Employer Contributions (SPSPS scheme)	52,746	92,396
Current service cost *	304,000	248,000
Interest Costs	60,000	36,000
Adjustment to Deferred Exchequer Pension Funding	(364,000)	(284,000)
	<b>140,230</b>	<b>145,041</b>

\* Employee contribution of €45,107 (2021: €46,104) has been included in the calculation of the current service cost.

## ii) Movement in Net Pension Liability

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Net Pension Liability at 1 January	4,686,000	4,300,000
Current Service Cost	304,000	248,000
Interest Cost	60,000	36,000
Actuarial loss on scheme liabilities	(1,788,000)	109,000
Pensions paid in year	(7,000)	(7,000)
Net Pension Liability at 31 December	<b>3,255,000</b>	<b>4,686,000</b>

**18. Related Party Disclosures**

Key management personnel in DHDA consist of the Chief Executive Officer, Chief Financial Officer and members of the Board. Total compensation paid to key management personnel, including Board members' fees and expenses and total Chief Executive Officer remuneration, amounted to €288,947 (2021: €342,078). Maternity cover included for the Chief Financial Officer in 2021.

**19. Post Balance Sheet Events**

There have been no significant events after the reporting period, which would require revision of the figures or disclosure in the financial statements.

**20. Approval of Financial Statements**

The Financial Statements were approved by the Board on 20th June 2023.



# NOTES

# NOTES

# NOTES





**An Roinn Comhshaoil,  
Aeráide agus Cumarsáide**  
Department of the Environment,  
Climate and Communications

**Digital Hub Development Agency**  
The Digital Hub, Dublin 8  
D08 TCV4, Ireland

**T:** +353 1 480 6200  
**E:** [info@thedigitalhub.com](mailto:info@thedigitalhub.com)  
[www.thedigitalhub.com](http://www.thedigitalhub.com)

An Mol Digiteach  
Tuarascáil Bhliantúil 2022



THE DIGITAL HUB







# Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an POF	4
Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach	6
Fócas ar an mBraisle Fiontraíochta	8
Fócas ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail	10
Fócas ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíne agus Cruthaitheachta	14
Fócas ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	16
Cuideachtaí a bhí ag feidhmiú sa Mhol Digiteach an 31 Nollaig 2022	17
An Bord	18
Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022	19

# Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach Bhord na Gníomhaireachta don Mhol Digiteach (DHDA) tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2022 mar aon leis na Cuntais Airgeadais a chur i láthair.

Go dtí go gcuirfear cinneadh an Rialtais i bhfeidhm chun an DHDA a dhíscaoileadh agus a phunann réadmhaoine a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, leanann an DHDA lena chúraimí ilghnéitheacha a oibriú, lena n-áirítear gnéithe d'athghiniúint uirbeach, tacaíocht fiontair, forbairt réadmhaoine, rannpháirtíocht an phobail, agus bainistíocht réadmhaoine. De réir mar a tháinig an tír chuici tar éis na paindéime COVID-19, tá áthas orm a thuairisciú gur lean an Gníomhaireacht ag déanamh dul chun cinn ar na réimsí sin le linn 2022.

Tá an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ina coimeádaí ar líon suntasach foirgneamh agus ar thalamh i lár stairiúil Bhaile Átha Cliath. Cruthaíonn sé seo dúshlán agus deiseanna araon. Is é an phríomhdheis atá ann don cheantar a bheith ina cheathrú bhríomhar den chathair uair eile, díreach mar a bhí sé in aimsir tionscal na grúdaireachta. Bhí sé mar bhonn do réimse leathan gnólachtaí rathúil an uair sin, agus chuir sé lóistín maireachtála, fostaíocht, gníomhaíochtaí cultúrtha, áiseanna oiliúna agus taitneamhachtaí sóisialta ar fáil do mhuintir na háite. Is é a bhí ann i ndáiríre an cheathrú cathrach 15 nóiméad a thacaíonn leis an smaointeoireacht reatha ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus athghiniúint. Is é an dúshlán is mó ná go bhfuil tábhacht ailtireachta nó chultúrtha ag baint le go leor de na foirgnimh, agus go bhfuil stádas cosanta acu, rud a fhágann go bhfuil a n-athchóiriú deacair agus costasach. Tugann sé seo, dá réir sin, deis dúinn athfhorbairt a dhéanamh ar an Mol Digiteach chun gníomhú mar thionscadal taispeántais d'úsáid éifeachtach, éifeachtúil struchtúr oidhreachta, d'athúsáid agus d'athdhéanamh ábhar agus do rannchuidiú dearfach le spriocanna náisiúnta a bhaineann leis an aeráid.

Tháinig na cuideachtaí i mbraisle fiontar an DHDA amach as srianta na paindéime diaidh ar ndiaidh. Lean go leor acu – agus tá siad fós – i mbun samhail oibre hibrideach, agus mar thoradh air sin tháinig athruithe suntasacha ar a riachtanais chóiríochta. Mar is gnách, d'fhreagair an DHDA go solúbtha, ag tairiscint réitigh éagsúla chun freastal ar a gcuid riachtanas athraitheach. Go háirithe, d'oscail an Gníomhaireacht roinnt spásanna comhoibrithe a d'fhéadfaí a chur in áirithe ar bhonn gearrthéarmach, agus is léir go bhfuil tóir orthu seo ónár mballcuideachtaí agus ó eagraíochtaí seachtracha a mealladh ag na háiseanna agus ag an bhfuinneamh sa Mhol Digiteach. Ag tús na bliana, de réir mar a maolaíodh na srianta a bhain le COVID, bhí 29 gcuideachta sa Mhol Digiteach; faoi dheireadh na bliana a bhí méadú 47 tagtha ar a líon – rud a léiríonn go láidir go bhfuil an Mol Digiteach fós ina shuíomh tarraingteach d'fhiontair chruthaitheacha atá dírithe ar dhúshlán shuntasacha shochoíocha, amhail an tsláinte, folláine agus gníomhú ar son na haeráide.

I rith na bliana, lean an Gníomhaireacht ag cur lena líonra agus a réimse tionchair, ag comhoibriú le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, OÉ Má Nuad, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ospidéal San Séamas, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus, ar thionscadail arna maoiniú ag an AE, le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta. Is é an tionscadal Smart D8 an ceann is suntasaí de na fiontair chomhoibritheacha seo, a ndéantar cur síos air níos déanaí sa tuarascáil seo.

Tá ár dtionscnaimh oideachais, oiliúna agus múscailte feasachta leis an bpobal áitiúil fós ag spreagadh rannpháirtíocht daoine idir óg agus aosta, mar shampla, tá Future Creator Cadets beartaithe do



réamh-dhéagóirí, agus bhí cónaitheoirí áitiúla idir 61 agus 90 bliana d'aois páirteach sa tionscadal Screen8. I gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach, tá na tionscnaimh seo dírithe ar shláinte, folláine agus inbhuanaitheacht. Déantar cur síos níos mionsonraithe orthu níos déanaí sa tuarascáil seo freisin.

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh an DHDA in ann roinnt tacaíochta a sholáthar do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin i rith na bliana. Tá spás curtha ar fáil againn do sheirbhísí Béarla, meantóireacht fostaíochta, uasoiliúint agus ceachtanna Béarla trí chomhpháirtíocht le MOL Úcráine na Croise Deirge agus le FIT (Fastrack into Information Technology).

I rith na bliana, chuir an Bord tacaíocht, comhairle agus treoir ar fáil don DHDA, maidir le cúrsaí straitéiseacha agus oibríochta araon. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a bhfís, a dtiomantas agus a gcuid oibre crua. I rith na bliana, chuaigh Carol Gibbons agus Aimée Williams ar scor nuair a chuaigh a dtéarmaí ceapacháin in éag. Chuir siad beirt go mór le hobair an Bhoird ar feadh a dtéarmaí faoi seach agus braithfidimid uainn iad. De réir mar a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, tá súil agam oibriú leis an Aire chun a

chinntiú go leanann an bord leis an saineolas agus an taithí a theastaíonn uaidh chun a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus go bhfuil ballraíocht aige a léiríonn sochaí na hÉireann.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Victor Leonov as a chuid seirbhíse ar an gcoiste Iníúcháireachta agus Riosca agus as an rannchuidiú luachmhar a rinne sé le roinnt blianta anuas. Braithfidimid uainn é.

Gabhaim buíochas leis, thar mo cheann féin agus thar ceann an Bhoird, le foireann na Gníomhaireachta agus leis an bPríomhfheidhmeannach, Fiach Mac Conghail.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin as an tacaíocht a thug na hAirí Eamon Ryan agus Ossian Smyth agus a gcuid oifigeach sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus táim ag tnúth le comhoibriú leanúnach in 2023.

Paul Holden  
**Cathaoirleach**

# Tuarascáil ón bPOF

Tháinig fás láidir ar an Mol Digiteach in 2022.

De réir mar a tháinig deireadh le srianta COVID-19 agus de réir mar a bhíomar in ann filleadh ar an ngnáthshaol, d'athraigh ár gcampas i mBaile Átha Cliath 8 ina ionad gnóthach lán de ghníomhaíochtaí fiontraíochta agus cruthaitheachta.

Le linn na paindéime, bhí ár n-ionad sna Saoirsí i bhfeidhm i gcónaí ach réachtáladh ar acmhainn laghdaithe é, agus mar sin bhí sé go hiontach fáilte ar ais a chur roimh ár mbaill go pearsanta. De réir mar chuaigh an bhliain ar aghaidh, ba léir go raibh socrúithe oibre iargúlta, hibrideacha agus solúbtha eile i gceist leis an 'ngnáthshaol nua' agus, buíochas le Dia, ba rud é sin a bhí ar chumas an Mhoil Dhigitigh a éascú gan stró.

Cuireadh ár spásanna in oiriúint chun a chinntiú go raibh an timpeallacht oibre in ann freastal ar na bealaí nua chun gnó a dhéanamh agus tháinig méadú ar ár líon de réir mar a bhí baill nua agus baill atá ag filleadh ag lorg réiteach dá riachtanais athraitheacha agus don réaltacht nua. D'éirigh ár Stiúideo iD8 athchóirithe thar a bheith tarraingteach, dár mbaill atá ann cheana féin chomh maith le cuideachtaí agus eagraíochtaí seachtracha atá ag lorg spáis le haghaidh tógáil foirne agus nasc pearsanta a éascú.

I dtosach 2022 bhí 29 mballchuideachta agus balleagraíocht againn san iomlán agus tá áthas orm a thuairisciú go raibh 47 gceann againn faoi dheireadh na bliana, líon a léiríonn láidreacht ár gcáile mar shuíomh is rogha le haghaidh gnólachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta.

Bhain an t-iomlán seo le cuideachtaí traidisiúnta an Mhoil Dhigitigh a bhí ag obair ar nuálaíochtaí i dtionscail mar theicneolaíocht sláinte agus teicneolaíocht dhigiteach. Lena chois sin tá braisle daoine cruthaitheacha atá ag fás, dream a chuir le beocht, éagsúlacht agus coláisteacht ár bpobail atá ag leathnú.

Ós rud é go rabhtas ag filleadh ar chruinnithe pearsanta, tháinig méadú ar an éileamh ar ár spásanna ilchuspóireacha sa bhliain freisin, rud a leathnaigh ár rannchuidiú le daoine, grúpaí, eagraíochtaí agus institiúidí áitiúla chomh maith le pobal Bhaile Átha Cliath i gcoitinne.

Leanamar orainn ag ullmhú do chinneadh an Rialtais an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) a dhíscaoileadh, agus sinne ag iarraidh a chinntiú go ndéanfar an luach a chruthaítear sa Mhol Digiteach a chaomhnú agus a fheabhsú faoi phleananna na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) don cheantar. Táimid ag obair i gcomhpháirtíocht leis an LDA chun tacú leo maidir le cur i bhfeidhm céimnithe a máistirphlean.

Dúramar cheana go gcaithfear braisle fiontraíochta an Mhoil Dhigitigh a bhfuil ag éirí léi agus atá ag fás a chaomhnú agus a fheabhsú agus is í seo ár bhfís i gcónaí. Idir an dá linn, is féidir le baill reatha agus iad siúd a bheidh linn amach anseo leanúint de bheith ag brath ar an Mol Digiteach agus iad ag lorg spáis inacmhainne dá ngnólachtaí agus dá ghníomhaíochtaí cruthaitheacha. Is féidir lenár gcomharsana a bheith cinnte freisin go leanfar lenár gcláir fhairsinge rannpháirtíochta pobail agus sóisialta.

I mbliain nuair a bhí daoine ag iarraidh filleadh ar an ngnáthshaol, ba iontach an rud é go raibh an Mol Digiteach chomh solúbtha, chomh hábhartha agus chomh dinimiciúil agus a bhí riamh.

Is údar bróid dom tuairisc a thabhairt ar roinnt gníomhaíochtaí suntasacha a tharla in 2022, ar ár gcampas nó a raibh baint dhíreach againn leo.

D'oibríomar le We LOVE Markets chun margadh míosúil nua a thabhairt isteach ar champas an Mhoil Dhigitigh. Tharla an oscailt mhór ar dheireadh seachtaine na Féile Pádraig 2022 agus léirigh an tsraith margai i rith na bliana meascán de dhearadh áitiúil agus bia ceardaí de dhéantús áitiúil, ag tacú le fiontair, eagraíochtaí, dearthóirí agus cruthaitheoirí áitiúla i mBaile Átha Cliath 8. Chuir sé seo go mór leis an gceantar agus seoladh é nuair a bhí an tsochaí ag athoscailt tar éis srianta

COVID -19 a bheith á mbaint. Dheimhnigh sé ról an Mhoil Dhigitigh mar chroílár d'fhiontar sna Saoirsí.

D'óstáil ár gcampas níos mó imeachtaí agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha lena n-áirítear tionscadal uathúil éiceolaíochtaí cruthaitheacha atá dírithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus atá curtha le chéile ag an Ealaíontóir Cónaitheach, Seoidín O'Sullivan. Thug an Radicle Lab pobail, ealaíontóirí agus taighdeoirí áitiúla le chéile chun tionscadaí atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de a nascadh, a cheiliúradh agus a fhorbairt i gceantar mórtimpeall Bhaile Átha Cliath 8.

Chuir an t-ealaíontóir agus an t-aireagóir cáiliúil idirnáisiúnta Robin Price saothar ealaíne poiblí uathúil i láthair i mí Eanáir a thaispeáin teilgean léasair istoiche ar Thúr Phádraig, an comhartha tíre cáiliúil, ar ár gcampas sna Saoirsí. Lena chois sin rinne sé iniúchadh ar chaidreamh Bhaile Átha Cliath 8 leis na meáin shóisialta agus sonraí.

Chuaigh an Mol Digiteach i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet ar threochlár nua Smart D8 darb ainm Bee8. In éineacht leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, Seirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, dhírigh Bee8 ar an bpobal a thabhairt le chéile chun nasc a fhorbairt idir an tsochaí, an dúlra agus an fholláine ag baint úsáide as beacha agus sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar éiceachóras Bhaile Átha Cliath 8. Suiteáladh 20 braiteoir ar fud ceithre choirceog beach chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhshonraí a bhaineann le beacha, lena n-áirítear teocht, meáchan coirceoige, fuaim, taise agus leibhéil gníomhaíochta na mbeach. Táthar ag súil, ó thosaigh sé mar fhiontar sóisialta i mBaile Átha Cliath 8, go bhfásfaidh Bee8 ina chóras ar féidir é a chur i bhfeidhm ar choirceoga beach go hidirnáisiúnta.

Leanamar orainn ag cothú agus ag éascú réimse tionscnamh foghlama agus pobail lena n-áirítear D8 Club Surfers agus Turning Ground, sraith seimineár a reáchtáladh i gcomhar leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha ina raibh saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta ar thodhchaíochtaí soch-éiceolaíochta i dtimpeallachtaí uirbeacha. Chuamar i gcomhpháirtíocht freisin le Teen-Turn arís don Dúshlán Technovation 2022. Cuireann an tionscadal cláir foghlama idirghníomhacha ar fáil ina bhfoghlaimíonn daoine óga conas teicneolaíocht a úsáid chun fadhbanna an tsaol nithiúil a réiteach.

Agus sinne ag obair le Pryvit, tionscnamh neamhbhrabúis ón phobal Tech for Good i mBaile Átha Cliath, thairg an Mol Digiteach spás comhoibríthe saor in aisce agus rochtain ar an idirlíon ar feadh trí mhí do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin agus atá ag obair i ngnó ardteicneolaíochta nó atá dírithe ar na meáin dhigiteacha.

Tarraingíonn na tionscnaimh seo, i measc an iliomad tionscnamh eile a rinneamar i rith na bliana, aird ar thábhacht an Mhoil Dhigitigh dár gceantar áitiúil, chomh maith le ceantair níos faide anonn, thar theorainn na Saoirsí amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár luchtanna leasa ar fad a oibríonn leis an Mol Digiteach. Tá ardmheas againn orthu. Áirítear orthu na hAiri Ryan agus Smyth agus a n-oifigigh sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, GFT Éire, Fiontar Éireann, an Oifig Fiontair Áitiúil, ár mballchuideachtaí, scoileanna agus coláistí i mBaile Átha Cliath 8, grúpaí pobail agus ár gcairde agus ár gcomharsana go léir.

Mar fhocal pearsanta uaim, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na Gníomhaireachta a bhíonn ag obair gan stad gan staonadh ar son na Gníomhaireachta, ar son bhallchuideachtaí an Mhoil Dhigitigh agus ar son muintir na háite. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le baill an Bhoird agus go háirithe leis an gCathaoirleach, Paul Holden.

Fiach Mac Conghail

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**





# Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach

## An Campas

Faoi dheireadh 2022, bhí spás oifige 60,610 tr. chearnach san iomlán lena ligean ar cíos ag campas an Mhoil Dhigitigh ar fud naoi bhfoirgneamh ghníomhacha. Tá sé seo comhdhéanta de spás oifige glan (49,054tr. ch.), spás deisce aonair (4,776tr. ch.), agus spásanna imeachta (6,780tr.ch) a fhéadfar a ligean ar cíos.

Tá an Mol Digiteach tiomanta agus spreagtha go leanúnach chun ceathrú teicneolaíochta dhigitigh chruthaitheach éagsúil a fhorbairt i mBaile Átha Cliath 8 lena mbaintear tairbhí sóisialta, eacnamaíochta agus pobail intadhaill amach d'Éirinn, agus an chuid stairiúil seo de Cathair Bhaile Átha Cliath á athbheochan againn ag an am céanna.

Bhí an-éileamh ar spásanna ilchuspóireacha an Mhoil Dhigitigh le haghaidh imeachtaí, spás cleachtaidh, laethanta oiliúna agus cruinnithe i rith na bliana, rud a thug daoine nua chuig campas an Mhoil Dhigitigh gach lá. Baineadh leas as Bá 1 san Iosta Digiteach, a bhí ina spás oifige roimhe seo, mar spás ilchuspóireach solúbtha do phobail ghnó agus chruthaitheacha. Bhí an spás nua seo, mar aon le Stiúideo iD8 agus Stiúideo 2, a osclaíodh in 2021, in úsáid le chéile le haghaidh spás cleachtaidh, laethanta oiliúna agus cruinnithe ar níos mó ná 330 lá den bhliain féilire.

D'úsáid institiúidí oideachais áitiúla BIMM Bhaile Átha Cliath agus NCAD na spásanna seo do roinnt ranganna agus bhí Amharclann na Mainistreach i measc cúig chuideachta amharclannaíochta a raibh spás acu le

haghaidh cleachtaí. Eagraíochtaí lasmuigh den Mhol Digiteach a chuir 50% de na laethanta in áitithe - rud a léiríonn an t-éileamh méadaithe ar roghanna solúbtha líonraithe agus comhoibrithe i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Mar chroílár don bhfiontraíocht agus don chruthaitheacht sa phobal, bhí an-áthas ar an Mol Digiteach a spásanna a chur ar fáil d'úsáidí a thugann daoine, beogacht agus gníomhaíocht eacnamaíoch chuig an gcuid stairiúil seo de Chathair Bhaile Átha Cliath.

Reachtáil We LOVE Markets an chéad mhargadh míosúil taobh amuigh de Thúr Phádraig i mí an Mhárta le linn Lá 'le Pádraig. D'éirigh go hiontach le margadh na míolta i i rith na bliana. Mealladh na céadta duine chuig ceantar na Saoirsí le haghaidh gach margadh Domhnaigh, a d'óstáil 50 éigin stáinín, a bheag nó a mhór. Tá an smaoineamh maidir le margadí a bheith ina bpríomháiteanna cruinnithe an phobail ina leagtar béim ar chultúr áitiúil agus a chuireann borradh nua faoi lár na cathrach ag teacht go dlúth le hobair an DHDA.

I mí an Mheithimh, rinneadh 'Radicale Lab' de Stiúideo iD8 – Saotharlann Chruthaitheach. Bhí an tsraith imeachtaí seo, a reáchtáladh ar feadh sé lá, á coimeád ag an Ealaíontóir Cónaithe Seoidín O'Sullivan, agus thug sé muintir na háite, ealaíontóirí agus taighdeoirí le chéile ar champas an Mhoil Dhigitigh chun nascadh lena chéile agus tionscadail éiceolaíochta agus inbhuanaitheachta sa cheantar áitiúil a fhiosrú.

Tar éis sos dhá bhliain, d'fhill Féile na Saoirsí i mí Mheán Fómhair ar feadh ceithre lá d'imeachtaí spóirt, cultúrtha agus ealaíon do theaghlach. Mar eagraíocht atá bródúil as a bheith ag tacú leis an bhFéile le blianta fada anuas, bhí ríméad ar an Mol Digiteach spás a chur ar fáil don phríomhstáitse ceoil lasmuigh de Thúr Phádraig; ba é Stiúideo iD8 an t-ionad do go leor imeachtaí mar chuid den chlár comhshaoil freisin.



Tugann an tAire Ossian Smyth T.D. cuairt ar champas an Mhoil Dhigitigh. Sa phictiúr freisin tá Paul Holden, Cathaoirleach, Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh agus Fíach Mac Conghail, POF an Mhoil Dhigitigh.



### Ídiú Fuinnimh

Tá spriocanna ag an earnáil phoiblí chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Mar chuid den phróiseas, éilítear ar chomhlachtaí poiblí cosúil leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach sonraí éifeachtúlachta fuinnimh a thairiscíú go bliantúil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), eagraíocht a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Úsáid Fuinnimh (MWh)	2022	2021
Leictreachas (UTM)	627	866
Gás (UTG)	692	942
Giniúint in-athnuaite ar an láthair	6.16	3.6
Ola gháis	50	30
<b>Ídiú Iomlán</b>		<b>1,747</b>

### Giniúint Iosta Dhigitigh ar an Láthair

Rinne na painéil ghréine, atá ag feidhmiú ar fhoirgneamh an Iosta Dhigitigh ó mhí an Mheithimh 2021, dhá thonna carbóin measta a chur as áit in 2022. Táirgeann an tsuiteáil gréine seo – córas Fótvoltach (PV) gréine 11kw ar an díon – leictreachas a fhritháiríonn an gá atá leis an leictreachas sin a cheannach ón eangach chumhachta. Meastar, thar saolré an chórais (25 bliain), go mbeidh an coigilteas iomlán don Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach níos mó ná sé oiread na hinfheistíochta tosaigh ó thaobh cúrsaí airgeadais de, agus ár lorg carbóin á laghdú go suntasach ag an am céanna.

# Fócas ar an mBraisle Fiontair

## Buaicphointí ón mBraisle Fiontair

Ag tús 2022, bhí níos lú ná 30 cuideachta lonnaithe sa Mhol Digiteach agus ní raibh ach 47% dar bhfoirgnimh gafa. Laghdú é seo ó níos mó ná 70 cuideachta agus 85% áitíochta go luath in 2020. Bhí tionchar ábhartha ag an bpaindéim ar go leor dár mbaill, mar aon leis an bhfógra go bhfuil an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) le discaoileadh. Mar sin féin, i bhfianaise an dearbhaithe go leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag feidhmiú go dtí 2025 ar a laghad, ba é an tasc láithreach do 2022 ná ár mballraíocht agus ár n-áitíocht a atógáil, an bealach a ndéanaimid gnó a oiriúnú do phatrúin nua oibre agus úsáidí nua a chruthú le haghaidh spásanna oifige saoire.

Le linn 2022, chuir an Mol Digiteach fáilte roimh 26 cuideachta agus eagraíocht chuig a champas i mBaile Átha Cliath 8. As na 26 cuideachta, ba chuideachtaí nua iad 19 díobh, ba iarscoláirí fadtéarmacha iad beirt a chinn oibríochtaí a thabhairt ar ais don Mhol Digiteach agus ba chuideachtaí cúig cinn díobh a d'fhág le linn 2020 agus 2021 ach a d'fhill in 2022.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 47 mballchuideachta agus eagraíocht lonnaithe sa Mhol Digiteach a fhostaíonn thart ar 400 duine le chéile. Bhain an Ghníomhaireacht áitíocht 69% amach amháil an 31 Nollaig 2022, méadú 22% ar an áitíocht ó thús na bliana. Ba é 59% an áitíocht a baineadh amach ar an meán in 2022 i gcomparáid le 48% in 2021. Maidir leis sin, bhí tús curtha le méid téarnaimh i leibhéil áitíochta faoi dheireadh 2022. Bhí ceist na rátaí margaidh ina dúshlán i gcónaí ach in ainneoin sin bhain an Ghníomhaireacht an sprioc ioncaim tráchtála a comhaontaíodh le RCAC do 2022 amach.

Agus baill ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, i nuálaíocht sna meáin dhigiteacha, san ealaín agus sna tionscail chruthaitheacha, bhí roinnt éachtaí suntasacha againn in 2022:

- Bhuaigh Akara Robotics an gradam don Úsáid IS is Fearr i gCúram Sláinte ag Gradaim IS 2022 i mBaile Átha Cliath. Shínigh an chuideachta Meabhrán Tuisceana freisin leis an soláthraí cúram sláinte is mó san Eastóin, agus rinneadh a róbat, a dhí - éillíonn aer, a thriail in ospidéal mór NHS i gCorn na Breataine, sa Ríocht Aontaithe — agus thug torthaí luatha le tuiscint go bhféadfadh sé aga neamhfhónaimh seomra i gcodanna criticiúla den ospidéal a laghdú faoi níos mó ná 60%.

- D'fhógair Allgo seoladh an Chárta Bronntanais Digiteach Allgo Mastercard nua in dhá leagan — Allgo Online Only agus Allgo Digital+. Is féidir na cártaí bronntanais uilíocha a úsáid áit ar bith a ghlacann Mastercard® sa siopa, ar líne, nó thar lear.
- Fógraíodh Pocket Forests mar dhámhachtaí trí chiste: Ciste Rethink Ireland Social Enterprise Start Up, an clár Royal London Changemakers, agus Deontas Fhondúireacht Phobail AXA um Pháirceanna na hÉireann.
- Sheol Neuromod Ótologie, sainseirbhís cúraim sláinte do dhaoine a bhfuil tinniteas orthu. Cuireann an tseirbhís seo ar chumas othair tinnits, in Éirinn agus san Eoraip, liostaí feithimh a sheachaint agus tugann sé rochtain láithreach dóibh ar chóireáil nua tinnitis.
- Mar chuid den fhoireann léiriúcháin do Circle Square ainmníodh an stiúideo beochana Kavaleer Productions do ghradam “Beochan Réamhscoile” ag Gradaim Leanáí agus Daoine Óga BAFTA 2022. Déanann na gradaim ceiliúradh ar chlár do leanáí agus do dhaoine óga a chuimsíonn scannáin, cluichí agus teilifís. Rinne Kavaleer ceiliúradh ar 21 bhliain ar an bhfód in 2022 agus ar dhá scór bliain ag cruthú beochana.
- Chuaigh MEG Support Tools i gcomhpháirtíocht leis an líonra cúram sláinte príobháideach neamhspleách is mó sa Nua-Shéalainn, Southern Cross Healthcare. Tar éis trialach ar fud na heagraíochta ar éirigh léi, d'fhógair Southern Cross Healthcare go gcuirfí bogearraí Bainistíochta Iniúchóireachta cúram sláinte MEG i bhfeidhm go hiomlán ina líonra ospidéal.
- D'fhógair Ollscoil Indiana agus patientMpower tionscadal nua a dhéanann monatóireacht ar othair Ghalar Scamhóg Scáineach (ILD) faoin tuath go cianda. Is é atá i gceist leis an tionscadal ardán monatóireachta othar iargúlta de chuid PatientMpower a úsáid chun athruithe ar fheidhm scamhóg othar agus torthaí a thuairiscítear ar othair a rianú, ar príomhtháscairí iad de dhul chun cinn ILD.
- D'fhógair Pallas Projects/Studios atá ar cheann de na spásanna is faide atá á reáchtáil ag ealaíontóirí in Éirinn, gur sheol an t-Aire Ealaíon, Catherine Martin agus Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon Maureen Kennelly a stiúideonna nua ag an Mol Digiteach. Soláthraíonn an fhorbairt shuntasach nua seo 25 stiúideo mór singil agus dúbailte, a daingníodh ag am ríthábhachtach, do Thionscadail/Stiúideonna Pallas agus don phobal cruthaitheach i gcathair Bhaile Átha Cliath.





- Sheol Tech For Good Dublin suíomh gréasáin nua chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin. Agus é ag obair le pryvit.ie, thairg an Mol Digiteach spás comhoibríthe agus rochtain ar an idirlíon saor in aisce ar feadh trí mhí do dhídeanaithe ón Úcráin a raibh baint acu le gnó atá dírithe ar theicneolaíocht nó ar na meáin dhigiteacha. Tríd an tionscnamh seo rinneamar nasc leis an soláthraí nua i mBaile Átha Cliath maidir le réitigh íocaíochta digiteacha, Payoma, a bhunaigh beirt dhídeanaithe ón Úcráin agus rinneadh tionónta tráchtála den ghnó go tapa.

### Fo-bhraisle cuideachtaí ealaíne atá ag fás

Léirítear nádúr cruthaitheach an cheantair mórthimpeall an Mhoil Dhigitigh i bhfo-bhraisle cuideachtaí ealaíne sa champas atá ag dul i méid. Áirítear sa bhraisle seo Bloc T, Dead Centre, Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, Eclipse Pictures, field:arts, Jude Healy Creative, Kavaleer, Tionscadail Pallas, Photoreland, South Winds Blows agus Verdant Productions. A bhuíochas leis an gcomhoibriú le Bloc T agus Tionscadail Pallas tá os cionn 60 ealaíontóir agus ceardaí ag baint úsáide as stiúideonna i bhfoirgnimh ag an Mol Digiteach anois.

### Spásanna ilchuspóireacha a bhfuil éileamh orthu

Bealach tábhachtach amháin ar chuamar in oiriúint d'iarbhairtí na paindéime ná spásanna ilchuspóireacha nua a bhunú ar nós iD8 Studio, Studio 2, agus Bay 1, chomh maith le spásanna sa Grainstore. Bhí an-éileamh ar na háiteanna seo le haghaidh imeachtaí, spás cleachtaidh, laethanta oiliúna agus cruinnithe i rith na bliana. Úsáideadh breis agus 330 lá mar sin ar fud na dtítrí spás in 2022. D'úsáid na hinstitiúidí oideachais áitiúla BIMM Bhaile Átha Cliath agus NCAD seomraí ag an Mol Digiteach do roinnt ranganna, agus bhí Amharclann na Mainistreach i measc cúig chuideachta amharclannaíochta a d'úsáid spás le haghaidh cleachtaí. Eagraíochtaí lasmuigh den Mhol Digiteach a chuir 50% de na laethanta in áitithe - rud a léiríonn an t-éileamh méadaithe ar roghanna solúbtha líonraithe agus comhoibríthe i gcathair Bhaile Átha Cliath.

# Fócas ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail

Cuireann an Mol Digiteach cláir shamhlaíocha ar fáil a chuimsíonn réimsí éagsúla, idir scileanna an 21ú haois a fhorbairt i ndaoine idir óg agus aosta, agus acmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an ábhair dhigitigh a léiriú chun sláinte agus folláine na saoránach agus inbhuanaitheacht thimpeallacht Bhaile Átha Cliath 8 a chur chun cinn.

Tá an Mol Digiteach ina bhall gníomhach d'éiceachóras teicneolaíochta digití agus ábhair dhigitigh na hÉireann. Táimid i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus acadúla chun nuálaíocht a bhfuil acmhainneacht scálaithe ag baint léi a chur chun cinn. Bíonn cláir an Mhoil Dhigitigh ag plé le daoine d'aoiseanna, de chumais agus le spéiseanna éagsúla sa phobal áitiúil agus san éiceachóras digiteach go ginearálta.

## An Dúshlán Físeáin #D8 Together

Is clár nua é an Dúshlán Físeáin #D8 Together do dhaltaí meánscoile áitiúla ó CB Media agus An Mol Digiteach a cuireadh ar siúl ar bhonn píolótach ó Nollaig 2021 go Márta 2022 agus a shroich 26 scoláire áitiúil in 11 seisiún ar líne a mhair ar feadh uair an chloig an ceann. Cuireann an clár ar chumas daoine óga dúshlán mheabhairshláinte agus folláine a phlé, trí scéalaíocht agus trína gcruthaitheacht a úsáid, agus tacú lena chéile, eispéiris a roinnt agus spraoi a bheith acu i spás sábháilte.

Rinneadh meastóireacht ar thionchar an chláir ar scileanna léiriúcháin físe, ar mheabhairshláinte agus ar athléimneacht na rannpháirtithe.

- Thuairiscigh 85% de na scoláirí gur mhéadaigh an clár a leibhéal féinmhuíne.
- Thuairiscigh 80% de na daltaí gur fhoghlaim siad níos mó fúthu féin agus an chúis go bhfuil siad láidir.
- Thuairiscigh 73% de na scoláirí gur fhoghlaim siad faoi shaincheisteanna meabhairshláinte scoláirí eile agus conas a thacaíonn taithí a roinnt ar a bheith láidir i gcásanna deacra le gach duine a scéalta féin a insint.
- Thuairiscigh 80% de na scoláirí méadú ar a gcuid eolais ar léiriú físeáin, scannánaíocht agus eagarthóireacht.

## Screen8

Chinn an Mol Digiteach agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (DIFF) an clár scannánaíochta Screen8 a réachtáil do dhaoine scothaosta sa phobal don leagan 2021/22 den chlár. I mí Feabhra 2022 chonaic na rannpháirtithe, a bhí 60 bliain d'aois agus níos sine, a gcéad taibhiú dá gcuid saothair chruthaithe ar an scáileán mór. Taispeánadh 'Waiting', gearrscannán a chruthaigh an grúpa seo faoi threoir an scannánóra ghairmiúil Paul Farren, mar chuid de DIFF.

Níos déanaí sa bhliain earcaíodh grúpa nua rannpháirtithe breacaosta do sheoladh 2022/23 an chláir leis an Scannánóir Cónaithe nua, Laura O'Shea. Críochnóidh an clár le gearrscannán atá réidh don fhéile agus a léireofar den chéad uair ag DIFF san Earrach 2023.

## Teen-Turn — an Dúshlán Technovation agus Scuad Tionscadail

Lean an Mol Digiteach lena chomhpháirtíocht le Teen-Turn don Dúshlán Technovation 2022 — an comórtas teicneolaíochta agus fiontraíochta is mó ar domhan do chailíní. In Éirinn, is é Teen-Turn a réachtálann an Dúshlán Technovation, ar carthanas cláraithe faoi stiúir oibríthe deonacha é a oibríonn le heagraíochtaí ar fud na hÉireann chun eiseamláirí gairme STEM agus taithí phraiticiúil a sholáthar do chailíní sna déaga ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Tugann an Mol Digiteach tacaíocht airgeadais don chlár agus cuireann sé spás agus trealamh sa seomra ranga ar fáil freisin. I mbliana, bhain beirt chailíní áitiúla ó Mheánscoil na Toirbhirte, Warrenmount, na babhtáí leathcheannais den Dúshlán Technovation amach lena dtionscadal, Study Box — aip chun scoláirí meánscoile a spreagadh chun foghlaim agus dul i mbun a gcuid oideachais.



Tacaíonn an Mol Digiteach freisin le Scuid Tionscadail Teen-Turn a bhíonn ar siúl ag an Mol Digiteach. Tugann an Scuid Tionscadail cuireadh do chailíní déagóirí tionscadal d'aonach eolaíochta a chruthú atá ag teacht le riachtanais SciFest agus Eolaí Óg BT.

### Teen-Turn Plus

Sheol an Mol Digiteach agus Teen-Turn Teen-Turn Plus — tionscadal nua a bhí ar siúl go seachtainiúil ó Feabhra go Bealtaine agus ó Lúnasa go Samhain ag an Mol Digiteach. Forbraíodh Teen-Turn Plus chun nochtadh praiticiúil a sholáthar do thopaicí eolaíochta agus teicneolaíochta ardleibhéil in Intleacht Shaorga (IS), fisic agus ríomhchlárú atá bunaithe ar oibiachtaí. Bhí an tionscnamh oscailte do rannpháirtithe Teen-Turn a bhí ag freastal ar mheánscoil i mBaile Átha Cliath 8 nó a raibh a n-áit chónaithe in aice láimhe.

### D8 Surfers Club

Fáiltíodh roimh fhilleadh an D8 Surfers Club a bhí ag fillleadh ar a gcuinnithe pearsanta gach Dé Máirt ag an Mol Digiteach i mbliana. Bhí na rannpháirtithe — gach duine breacaosta i bpobal Bhaile Átha Cliath 8 — ag bualadh le chéile go fíorúil thar Zoom mar thoradh ar an bpaindeim COVID-19. Cé gur éascaigh cruinnithe Zoom naisc agus idirghníomhaíocht luachmhar do go leor daoine sa cheantar le linn na paindeime, is é bualadh le chéile go pearsanta i dtimpeallacht shóisialta thaitneamhach an rogha is fearr leis an ngrúpa seo. Tá siad faoi threoir teagascóra agus iad ag fáil amach conas is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha dul chun tairbhe dóibh ina saol laethúil.

### Fómhar na bPiorraí don Phobal

Reáchtáil an Mol Digiteach fómhar piorraí don bpobal ar champas an Mhoil Dhigitigh i mí Mheán Fómhair. Rinne an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD),

Ionad Oiliúna na Saoirsí agus Cumann Forbartha Pobail Lár na Cathrach Theas (SICCDA) ionadaíocht don phobal agus labhair siad faoi thábhacht an chrainn piorraí stairiúil, a chreidtear a bheith ar an gcrann torthaí is sine sa tír. Tar éis an fhómhair, bhain gach duine a bhí páirteach úsáid mhaith as an mbarr piorraí, agus tháinig mhic léinn agus léachtóirí/theagascóirí ó NCAD, ó Ionad Oiliúna na Saoirsí, SICCDA, clár Forbartha Pobail Robert Emmett agus ón Mol Digiteach le chéile ag NCAD chun réimse subha piorraí agus toirtíní piorraí a bhlaiseadh.

### An Tionscadal Liber8 Music

Reáchtáil an Mol Digiteach agus BIMM Bhaile Átha Cliath an 'Tionscadal Ceoil Liber8' ó 2017 agus é mar aidhm acu deis a thabhairt do dhaoine óga atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath 8, a bhfuil nochtadh teoranta acu do léiriú ceoil agus do na meáin dhigiteacha, iad féin a bhá i gclár cruthaitheach. Agus ranganna pearsanta ar an gceann is éifeachtaí don chineál seo cláir phraiticiúil, b'éigean dúinn ranganna a chur ar sos le linn shrianta sláinte poiblí COVID-19. Tá sé i gceist an clár a atosú i dtimpeallacht phearsanta in Institiúid BIMM Bhaile Átha Cliath agus ar champas an Mhoil Dhigitigh go luath in 2023.

### Eolas tosaigh ar chúrsa Léiriúcháin Ceoil

Le linn do Thionscadal Ceoil Liber8 a bheith ar siúl, reáchtáil an Mol Digiteach agus BIMM Bhaile Átha Cliath dhá chúrsa Léiriúcháin Ceoil ceithre seachtaine ar líne — ceann ag tús na bliana agus an dara ceann ag deireadh na bliana. Tugadh cuireadh do scoláirí meánscoile páirt a ghlacadh sna ranganna ar líne saor in aisce inar fhoghlaim siad bunghnéithe na mbogearraí Ableton agus teicnící táirgthe ceoil. Bain na scoláirí úsáid as an eolas seo agus iad ag cruthú a rianta ceoil féin.







### **Ceardlann Future Creators Cadets ar shábháilteacht ar an Idirlín**

Chun Lá na Sábháilteachta Idirlín 2022 a chomóradh, reáchtáil an clár Future Creators Cadets an Mhoil Dhigitigh ceardlann códaithe speisialta ar líne do na daltaí i scoil áitiúil. D'fhreastail daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Caitríona ar cheardlann códaithe, áit ar fhoghlaim siad conas tráth na gceist a chruthú ag baint úsáide as coincheapa códaithe ar nós coinníollacha, lúba, scór a chur leis agus téacs go teanga. D'úsáid siad bogearraí Scratch chun an tráth na gceist a chruthú. Roghnaigh siad a gcúlraí, carachtair róbat, idirphlé, agus fuaimeanna éifeacht speisialta féin. Ba é an toradh tráth na gceist fíor-speisialta faoi shlándaíl Idirlín do gach cruthaitheoir. Ghlac ceithre rang sa scoil páirt agus anois tuigeann siad bunchoincheapa códaithe chomh maith le fíricí tábhachtacha sábháilteachta Idirlín.

Chuir an clár Future Creator Cadets an Mhoil Dhigitigh ceachtanna códaithe ar líne ar fáil do scoileanna i mBaile Átha Cliath 8 ó Eanáir go Meitheamh 2022. Ghlac 390 duine óg idir 9 mbliana agus 12 bhliain d'aois páirt.

### **Mol na gCrann Foraioise Póca**

Chuir an chomhpháirtíocht leis an bhfiontar sóisialta, Pocket Forests, deis ar fáil don Mhol Digiteach cuir chuige a thaispeáint ar thimpeallachtaí uirbeacha a dhéantar glas ar shlí inbhuanaithe. Le linn 2022 úsáideadh foraois phóca (modh chun crainn, toir agus bláthanna fiáine dúchasacha a chur i gceantair bheaga uirbeacha) mar ionad tástála chun sonraí comhshaoil a ghabháil agus chun feidhmchláir braiteora núíosacha a fhorbairt. Úsáideadh é freisin chun an pobal i gcoitinne a mhealladh i gcur chuige inbhuanaithe maidir le dramhaíl bia, ábhar is féidir a iompú ina acmhainn le haghaidh plandaithe. Reáchtáil Foraoisí Póca ceardlanna éagsúla ag Mol na gCrann atá suite ar champas an DHDA lasmuigh den losta Digiteach.

Bunaíodh ar dtús é i mí an Mheithimh 2021 agus bhí bliain tosaigh iontach ag Plánáilann na gCrann Dúchasach Foraoisí Póca. Bhí níos mó ná 180 crann óg ag fás sna leapacha ardaíthe prúnáil aeir ag an Mol Digiteach. Cuireadh cuid acu i dtionscadail timpeall Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear coimpléasc árasán Oliver Bond agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort na Silíní in 2022.

Shábháil córas nua bailiú báistí thart ar 3,000 líter d'uisce báistí a úsáideadh chun na crainn a uisciú le linn aimsir thirim. A bhui le tacaíocht ón Mol Digiteach, bhí Foraoisí Póca in ann pacáiste crann nua a chruthú agus a thriail — fuair fiche pobal timpeall na hÉireann pacáiste crann agus d'úsáid siad iad chun a bhforaoisí beaga póca féin a chruthú le tacaíocht ón gCiste Tacaíochta Coillearnaí.

### **Smart D8**

Ó seoladh é in 2021, tá Smart D8 ag teacht chun cinn i gcónaí mar léiritheoir sláinte agus folláine pobail fíor-speisialta le feidhmiú náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tháinig dhá institiúid déag phoiblí, phríobháideacha agus acadúla le chéile chun a n-acmhainní a chomhthiomsú agus chun díriú ar mhúnla nuálaíochta comhoibríoch nua a chumasú atá tiomnaithe do shláinte agus folláine an phobail. D'éirigh le tionscnamh Smart D8 roinnt treoirscéimeanna nuálacha a sheachadadh in 2022:

### **Croí ar gCathair**

Rinneadh comhoibriú idir Ospidéal San Séamas, Novartis Ireland agus Foras Croí na hÉireann tar éis sláinte croí a aithint mar phríomhchúram do chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath 8. Theastaigh níos mó tacaíochta agus faisnéise ó 23% de na freagróirí maidir le sláinte croí, agus seoladh feachtas faisnéise sláinte poiblí chun freastal ar Aonad Sláinte Móibileach Fhondúireacht Croí na hÉireann a spreagadh i gceithre shuíomh ar fud Bhaile Átha Cliath 8 go luath in 2022. Bhí níos mó ná 800 saoránach as

Baile Átha Cliath 8 rannpháirteach, agus aithníodh go raibh brú fola ard ag 35% díobh.

Bhuaigh ‘Croí ár gCathair’ an gradam ‘Ardmholadh do Thionscnamh Sláinte Poiblí na Bliana’ ag Gradaim Chúram Sláinte na hÉireann 2022.

### Bealaí chun Folláine

Cheangail tionscadal le Walk in My Shoes, an feachtas suaitheanta ardaithe feasachta de chuid Sheirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig (SPMHS), mic léinn le baill scothaosta de phobal Bhaile Átha Cliath 8 chun naisc áitiúla a chothú agus foghlaim faoi fholláine agus meabhairshláinte. Tugadh cuireadh do dhaltai bunscoile agus meánscoile araon sa cheantar agallamh a chur ar bhail teachlaigh ó cheantar Bhaile Átha Cliath 8, litreacha a scríobh chuig ionaid lae nó tithe altranaís, agus réimse meán a úsáid le haghaidh comhrá, lena n-áirítear podchraoltaí, scéalta scríofa, scannán agus grianghrafadóireacht, chun cabhrú leis na naisc idir óg agus aosta a thaispeáint. Bhí 306 scoláire ó shé scoil ceangailte le daoine scothaosta de phobal Bhaile Átha Cliath 8 mar thoradh ar Bealaí chun Folláine.

### Dollar Cathartha (Civic Dollars)

Is é Dollar Cathartha an chéad airgeadra pobail in Éirinn, a seoladh in 2021 trí chomhoibriú idir Smart Dublin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Moai Digital. Is é atá i gceist an Dollar Cathartha úsáid páirceanna poiblí a dhreasú agus aclaíocht agus maireachtáil shláintiúil a chur chun cinn. Thug sé deis d’úsáideoirí airgeadra a thuilleamh mar thoradh ar an am a chaitear i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath 8, agus is féidir an t-airgeadra a fhuascailt ag gnólachtaí áitiúla atá rannpháirteach. Bhí úsáideoirí in ann freisin a gcuid Dollar Cathartha tuillte a bhronnadh ar ghrúpaí pobail áitiúla. D’fhéadfaidís siúd iad a chur i leith seirbhísí gairmiúla a raibh géarghá leo. Bhí an aip Dollar Cathartha íoslódáilte ag os cionn 1,100 úsáideoir faoi dheireadh 2022, agus tugadh 44% de na Dollar Cathartha tuillte go léir do ghrúpaí pobail áitiúla.

Tugadh aitheantas don obair a rinne Smart D8, an Mol Digiteach agus Murray Consultants, a sholáthraíonn seirbhísí CP don Mhol Digiteach, ag sheoladh an tionscadail Dollar Cathartha le gradam ag na Gradaim Feabhais i gCaidreamh Poiblí 2022. Ba é ‘A Walk in the Park: Launching Ireland’s first community currency’ an tionscadal buaiteach sa chatagóir Úsáid is Fearr a bhaint as Caidreamh leis na Meáin.

### Bee8

Tá an Mol Digiteach agus Smart D8, in éineacht leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, Seirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig agus Institiúid Náisiúnta Tyndall ag obair le Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet (RECDP) ar thionscadal nua darb ainm Bee8. Díróinn an tionscadal seo ar an pobal a thabhairt le chéile chun nasc a fhorbairt idir an tsochaí, an dúlra agus folláine ag baint úsáide as beacha agus sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar éiceachóras Bhaile Átha Cliath 8. Chun spreagadh a thabhairt do thionchair fhadtéarmacha folláine do phobal D8, tá sé mar aidhm ag an tionscadal freisin tacú le poist inbhuanaithe a chruthú i bhfiontar sóisialta. Éascóidh na poist seo cothabháil an líonra coirceog beach ach feidhmeoidh siad freisin mar mheán le haghaidh teagmhála fadtéarmaí leis an bpobal. Ag tógáil ar obair reatha RECDP, tá braiteoirí forbartha agus suiteáilte ar choirceoga ag Bee8 chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhshonraí a bhaineann leis na beacha, lena n-áirítear teocht, meáchan coirceoige, fuaim, taise agus leibhéil gníomhaíochta na mbeacha. Táthar ag súil, ó thosaigh sé mar fhiontar sóisialta i mBaile Átha Cliath 8, go bhféadfaidh Bee8 ina chóras is féidir a chur i bhfeidhm ar choirceoga beach go hidirnáisiúnta.

### WITECH

Mar chomhpháirtí Éireannach i dtionscnamh Erasmus+ WITECH (Mná sa Teicneolaíocht) an AE, ceanglaíodh ar an Mol Digiteach imeacht iolraitheora a reáchtáil d’eolaithe, d’innealtóirí agus do theicneolaithe ban ar mian leo gnólachtaí a fhorbairt bunaithe ar a saineolas STEM. Reáchtáladh an ócáid a d’eascair as sin — ‘Fiontraíocht do Mhná sa Teicneolaíocht’ — i mí na Samhna sa Mhol Digiteach. Thug an ócáid seo deis do mhná óga spreagadh a fháil trí scéalta na mban eile a lean cosán na fiontraíochta, agus an MOOC WITECH saor in aisce a thabhairt isteach (Cúrsa Ollmhór Oscailte Ar Líne) a forbraíodh chun scileanna agus muinín a thógáil i measc na mban a bhfuil cáilíochtaí STEM acu agus chun iad a threorú chun a ngnólachtaí nuálacha féin a chruthú.

### Baile le haghaidh ceachtanna Béarla do dhídeanaithe ón Úcráin

I gcomhar le MOL Úcránach na Croise Deirge agus FIT, com chuireamar dhá spás ar fáil sa Grainstore mar sheomraí ranga do mhuintir na hÚcráine. Cuireadh tús leis an tionscnamh seo i mí an Mheithimh 2022 agus le linn an sé mhí ina dhiaidh sin cuireadh 12 rang seachtainiúla ar bun a chuir teagasc Béarla saor in aisce ar fáil do bhreis is 350 duine. Cuireadh meantóireacht fostaíochta ar fáil do 260 díobh siúd agus tugadh cúnamh do níos mó ná 100 duine áiteanna a fháil ar chúrsaí gairmoideachais lánaimseartha.

# Fócas ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíne agus Cruthaitheachta

## 'Do Algorithms Dream of Electronic Shapes?' – tionscadal ealaíne ar leith

Choimisiúnaigh an Mol Digiteach, i gcomhpháirtíocht leis an ealaíontóir agus leis an aireagóir Robin Price, ceann de na tionscadail ealaíne is uathúla dá chuid go dtí seo, is é sin, suiteáil léasair ar a dtugtar 'Do Algorithms Dream of Electronic Shapes?'.

Sa saothar ealaíne poiblí seo rinneadh teilgean léasair istoíche ar Thúr íocónach Naomh Pádraig agus rinne sé iniúchadh ar an gcaidreamh atá ag Baile Átha Cliath 8 leis na meáin shóisialta agus le sonraí. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal, a bhí mar chuid de rannpháirtíocht an Mhoil Dhigitigh sa tionscnamh sláinte agus folláine, is é sin, Smart D8, iniúchadh a dhéanamh ar ár gcaidreamh casta leis an teicneolaíocht agus ar an gcaoi a roinneann daoine a saol tríd na meáin shóisialta.

Chríochnaigh sé le plé painéil ina raibh saineolaithe áitiúla agus idirnáisiúnta a scrúdaigh an chaoi a bhfuil an teicneolaíocht dhigiteach tar éis an tsochaí a aistriú cheana féin agus an méid a d'fhéadfadh teacht fós.

## Teicneolaí Cónaithe

Lorg an Mol Digiteach teicneolaí nua le haghaidh cónaitheacht sé mhí a thosóidh i mí na Bealtaine 2022. Murab ionann agus clár thraidisiúnta theicneolaíochta chónaithe, a fheidhmíonn go neamhspleách, bhí sé mar aidhm ag an Mol Digiteach saothar an iarratasóra rathúil a chumasc le clár ealaíontóra chónaithe amach anseo.

Fógraíodh Patrick Lynch, céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, mar theicneolaí cónaithe. Chríochnaigh sé tráchtas PhD ar róbataic le déanaí agus bronnadh céim dochtúireachta air níos déanaí sa bhliain.

Le linn na cónaitheachta, bhain Pádraig úsáid as braiteoirí chun raon sonraí a bhailiú a bhaineann le timpeallacht uirbeach Bhaile Átha Cliath 8, amhail cáilíocht an aeir, leibhéil tráchta agus truailliú. Roinneadh na sonraí a bhailigh Patrick leis an ealaíontóir cónaithe nua, Leon Butler, níos déanaí sa bhliain, a lean ar aghaidh ag forbairt samhail dhigiteach den cheantar lasmuigh den Iosta Digiteach.

## Ealaíontóir Cónaithe

Chuir an Mol Digiteach fáilte roimh Leon Butler, ealaíontóir a bhfuil duaiseanna buaite aige, chuig a champas do chlár ealaíontóra chónaithe sé mhí. Déanann Leon, a bhí ar an gcúigiú hEalaíontóir Cónaithe sa Mhol Digiteach ó cuireadh tús leis an gclár in 2018, speisialtóireacht i ndearadh digiteach. Díríonn sé go háithrithe ar dheartháir

3D a úsáid chun rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht an lucht féachana agus éisteachta a spreagadh. Mar chuid dá chónaitheacht, ghlac Leon sonraí a bailíodh ó bhraiteoirí a d'úsáid an Teicneolaí Cónaithe is déanaí de chuid an Mhoil Dhigitigh, duine a rinne monatóireacht ar cháilíocht an aeir, ar leibhéil tráchta agus ar thruailliú, chun samhail réaltachta fóirúla an cheantair a fhorbairt.

Níos luaithe sa bhliain, rinne ceathrú Ealaíontóir Cónaithe an Mhoil Dhigitigh, Seoidín O'Sullivan, an Radicle Lab a choimeád — tionscadal uathúil éiceolaíochta cruthaithe a dhíríonn ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Thug sé pobail áitiúla, ealaíontóirí agus taighdeoirí le chéile chun tionscadail atá inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de a cheiliúradh agus a chruthú i gceantar Bhaile Átha Cliath 8. Trí cheardlanna laethúla agus turais am lóin, malartaíodh smaointe agus éascaíodh plé ar thionscadail inbhuanaithe atá cruthaitheach ó thaobh na héiceolaíochta de amach anseo i measc an phobail áitiúil.

Le linn a cónaitheachta, ghlac Seoidín O'Sullivan páirt in iliomad tionscadal taighde lena n-áirítear leanúint ar aghaidh le Mapáil Ghlas Bhaile Átha Cliath in éineacht le Common Ground agus Tíreolaíocht UCD, Urban Grit le Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet agus an geografaí Alma Clavin agus mapáil mhothúchánach Abhainn Camac in éineacht leis an tíreolaí Ronan Foley. Thug an tionscadal Radicle LAB léargas ar na forbairtí taighde seo freisin.







### Ag tacú leis na hEalaíona agus leis na Tionscail Chruthaitheacha

I rith na bliana lean an Mol Digiteach air ag tacú leo siúd atá ag obair agus/nó ag staidéar sna tionscail chruthaitheacha agus in earnáil na n-ealaíon. I measc na mbuaicphointí tá:

- Chuaigh an Mol Digiteach agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) i gcomhpháirtíocht don dara bliain ar shraith cainteanna chun téamaí tábhachtacha sochaíocha a iniúchadh. Agus 'Turning Ground' mar theideal air, chruthaigh an tsraith cainteanna hibrideacha spás a thug ealaíontóirí, pobail áitiúla, gníomhaithe agus acadóirí le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tacú le héiceolaíochtaí cruthaitheacha agus le todhchaí shocheolaíochta i dtimpeallacht uirbeach, ag díriú go háirithe ar cheantar Bhaile Átha Cliath 8. Bhí saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta rannpháirteach sna cainteanna agus sna ceardlanna, a reáchtáladh ar líne agus go pearsanta ag an Mol Digiteach agus ag NCAD. Thionóil Seoidín O'Sullivan, Ealaíontóir Cónaithe an Mhoil Dhigitigh do 2022 agus Gareth Kennedy, léachtóir agus ealaíontóir NCAD é.
- Is é Kaleidoscope an seó deireadh bliana do chéimithe sna Meáin Dhigitheacha Chruthaitheacha ag campas OT Bhaile Átha Cliath ag Baile Bhlainséir. Ó 2018 i leith tugann Gradam an Mhoil Dhigitigh aitheantas

do thionscadal bliana deiridh fíormhaith amháin agus ba é Isabel Hartnett buaiteoir 2022 as 'Fast Fashion Unadorned', tionscadal a tharraing aird ar iarmhairtí chleachtais an tionscail mearfhaisin trí shuíomh gréasáin parallax léiritheach scéalaíochta.

- Ba é an Mol Digiteach comhpháirtí oifigiúil digiteach Fhéile Imill Bhaile Átha Cliath don tríú bliain as a chéile agus thacaigh sé le sé thionscadal nua a chruthú ag crosbhealach na healaíne agus na teicneolaíochta. Ina measc seo bhí ceoldráma VR, cluiche mistéire ilteangach do dhaoine óga agus píosa fuaime 30 nóiméad le blaiseadh sa bhaile.
- Tar éis sos dhá bhliain, cuireadh Féile na Saoirsí ar siúl arís i mí Mheán Fómhair. Cuireadh imeachtaí ar siúl ar feadh ceithre lá, idir imeachtaí do theaghlaigh, imeachtaí spóirt, imeachtaí cultúir agus imeachtaí ealaíon. Bhí an Mol Digiteach bródúil as a bheith ag tacú leo. Bhí réimse imeachtaí ag an bhféile a rinne ceiliúradh ar shláinte agus folláine, ar an gcomhshaol, ar cheol, ar shean-chlasaicí, ar dhaoine óga, ar chultúr agus ar lá spraoi teaghlaigh. Chuir an Mol Digiteach spás ar fáil do go leor de na himeachtaí mar chuid den chlár timpeallachta (iD8 Studio ag an Mol Digiteach) agus den chlár ceoil (Príomhstáitse ag an Mol Digiteach, in aice le Túr Phádraig).



## Fócas ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) fós ina phríomhchólún don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (an DHDA).

Lena chúram campas comhoibritheach a reáchtáil do chuideachtaí, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, sna meáin dhigiteacha agus sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn agus athghiniúint uirbeach a éascú i gceantar na Saoirsí, is féidir leis an nGníomhaireacht ról lárnach a bheith aici maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn. Ní hé amháin go bhfuil dualgas poiblí orainn ach tá dualgas morálta orainn é sin a dhéanamh. Agus sinne ag dul i mbun céime nua d'fhorbairt na straitéise, táimid ag nuashonrú ár mbeartas EDI ón mbliain 2019 agus ag comhaontú spriocanna agus tionscnaimh do 2023 agus ina dhiaidh sin.

Foilsíodh larscríbhinn nua maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun an Cód Cleachtais reatha maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a fhorlíonadh i mí Mheán Fómhair 2020. Nuair a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, cuireann an Cathaoirleach cothromaíocht inscne an Bhoird reatha in iúl don Aire agus deimhníonn sé go gcuirfeadh an Bord fáilte roimh éagsúlacht leanúnach bhreise ina bhallraíocht. Mar thoradh ar leasú a rinneadh le déanaí ar an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, laghdaíodh ballraíocht an bhoird go hocht stiúrthóir. Ciallaíonn sé seo nach féidir athchlabrá na cothromaíochta inscne a bhaint amach ach amháin de réir mar a eascraíonn folúntais ón mballraíocht reatha.





# Cuideachtaí a bhí ag feidhmiú sa Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2022.

1. aCGT Vector
2. Akara Robotics
3. Allgo
4. Arenamatrix
5. Comhpháirtíocht Bhaile Formaid agus Séipéal Iosóid
6. Institiúid BIMM Bhaile Átha Cliath
7. Foireann Margaíochta Bitcoin
8. Bizimply
9. Block T
10. Bricolage
11. Campsited
12. CB Media
13. Dead Centre
14. dotNice International
15. Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath
16. Eclipse Pictures
17. Equiendo
18. field:arts
19. Good Travel Software
20. H2 Learning
21. Henny Penny Vintage
22. iNavtas
23. Incognito Software Systems
24. Jude Healy Creative
25. Juvo
26. Kavaleer
27. Lonely Planet
28. MEG Support Tools
29. Neuromod Devices
30. Odin Consultants
31. Pallas Projects
32. patientMpower
33. Payoma
34. Photolreland
35. Pocket Forests
36. Quantum Information Systems
37. Remedy Biologics
38. Tionscadal Forbartha Pobail Robert Emmet
39. South Wind Blows
40. Total Digital
41. Usheru
42. UX Design Institute
43. Verdant Productions
44. VM Digital
45. Wattics
46. Xwerx
47. Zenadrone



# An Bord

Tá Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) freagrach as straitéis agus beartais ghinearálta na Gníomhaireachta a leagan amach déanann sé maoirseacht ar ghníomhaíochtaí an DHDA.

Is é an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a cheapann baill an bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir théarmaí an Achta um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Maireann ceapacháin bhoird ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, agus tá baill incháilithe lena n-athcheapadh.

Laistigh dá ghníomhaíochtaí féin agus d'úsáid coistí ag a bhfuil téarmaí tagartha faofa, oibríonn an Bord de réir na bhforálacha atá leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tionólaíonn an Bord an oiread cruinnithe gach bliain is gá chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích agus reáchtáiltear cruinniú amháin gach ráithe ar a laghad.

## Comhaltaí Boird 2022



**Paul Holden,**  
Cathaoirleach



**Owen Keegan,**  
Comhalta Boird  
(Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin,  
Príomhfheidhmeannach,  
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)



**Fiach Mac Conghail,**  
Comhalta Boird agus POF



**Brian Keogh,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Stephen Casey,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Darina Kneafsey,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Austin Campbell,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Nora Nanayakkara,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin



**Carol Gibbons,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin,  
Fiontraíocht Éireann



**Aimée Williams,**  
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin,  
GFT na hÉireann

Faofa ag an mBord 23.02.23

# Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	20
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	26
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	29
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	32
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	33
Ráiteas ar Staid Airgeadais	34
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	35
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	36

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhaill an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Cuireann sé an obair seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a chur agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh ar gach príomhcheist gnó. Is é an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh laethúil na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an DHDA a dhíscaoileadh agus go bhfuil a shócmhainní talún agus maoinne go léir le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Teastaíonn reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Ní mór don bPOF agus don bhfoireann shinsearach bainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den mBord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach an Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus i Lámhleabhar Rialachais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach. Is ann atá gnóthaí atá forchoimeáda go sonrach do chinnteoireacht an Bhoird, chomh maith. Ar mhíreanna buanna a bhféachann an Bord orthu áirítear:

- Dearbhú leasanna.
- Tuarascálacha ó choistí.
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.
- Tuarascálacha feidhmíochta.
- COVID-19.
- Díscaoileadh an DHDA.
- Nithe forchoimeáda.

De réir Ailt 31 (4) den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 tá ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach gach cuntas cuí gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige tá ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

- Polasaithe cuntasíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh i mbun oibriúcháin.
- A chur in iúl ar cloíodh leis na caihdeáin chuntasíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid airgeadais chuí a choimeád a léiríonn go réasúnta cruinn, am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAlt 31 (4) den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá an Bord freagrach as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a chothabháil.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht na Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach trí thagairt don bplean agus don mbuiséad bliantúil ar an 23 Feabhra 2023.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus, dá thoradh sin, na bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

In 2022, lean an Bord lena fhreagrachtaí rialachais, agus tionóladh gach cruinniú sceidealaithe Boird agus Coiste. Reáchtáladh cruinnithe Boird agus Coistí go pearsanta, go cianda trí fhíschomhdháil agus ar bhealach hibrideach go pearsanta agus ar líne.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus seasamh airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2022.

### Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí Cathaoirleach agus seachtar gnáthchomhalta ar an mBord, ar cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad go léir.

Sa tábla thíos leagtar amach na tréimhsí ceapacháin do dhaoine a fhónann ar an mBord le linn 2022:

Comhalta Boird	Ról	Dáta ceaptha den chéad uair	Dáta éagtha an Téarma
Aimée Williams	Comhalta	07/10/19	06/10/22
Austin Campbell	Comhalta (Ionadaí Pobail Áitiúil)	05/07/22	04/07/25
Brian Keogh	Comhalta	03/06/16	02/06/24
Carol Gibbons	Comhalta	13/06/17	04/07/22
Darina Kneafsey	Comhalta	05/07/19	04/07/25
Fiach Mac Conghail	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	21/10/16	20/10/26
Nora Nanayakkara	Comhalta	05/07/19	04/07/25
Owen Keegan	Ball (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, DCC)	07/10/13	03/10/24
Paul Holden	Cathaoirleach	29/05/12	04/07/25
Stephen Casey	Comhalta	05/07/19	04/07/25

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhail an Bhoird (ar lean.)

Rinneadh Cleachtadh inmheánach Éifeachtachta agus Meastóireachta Boird in 2022. Bhreithnigh an Bord torthaí an athbhreithnithe seo an 23 Feabhra 2023. Tá dhá choiste curtha ar bun ag an mBord, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca:** Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le riosca, rialú agus rialachas agus cinnteacht a bhaineann leo siúd a chur i gcrích. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an CIR go bhfuil monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an CIR don mBord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil.

**Ba iad baill an CIR sa bhliain:** Stephen Casey (Cathaoirleach), Alice Butler (ball seachtrach), Nora Nanayakkara, Paul Holden agus Víctor Leonov (ball seachtrach). Bhí cúig chruinniú ag an CIR le linn 2022.

**An Choiste Réadmhaoine:** Is é ról an Choiste Réadmhaoine tacú leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar éifeachtacht chur i bhfeidhm beartas na Gníomhaireachta maidir lena punann réadmhaoine a bhíonn á dhéanamh ag an mbainistíocht. Lena chois sin tugann sé tuairisc ar a chuid torthaí go rialta don mBord.

**Ba iad baill an choiste seo sa bhliain:** Brian Keogh (Cathaoirleach), Austin Campbell agus Darina Kneafsey. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Réadmhaoine in 2022.

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coistí i dtaobh 2022 leagtha amach anseo thíos. Luaitear táillí agus speansais a fuair gach ball, freisin:

	Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Réadmhaoine	Táillí 2022 €	Speansais 2022 €
Aimée Williams*	3	-	-	-	-
Alice Butler**	-	1	-	-	-
Austin Campbell	3	-	2	3,818	-
Brian Keogh	6	-	5	7,695	-
Carol Gibbons*	2	-	-	-	-
Darina Kneafsey	6	-	3	7,695	941
Fiach Mac Conghail***	6	-	3	-	74
Nora Nanayakkara	3	1	-	7,695	411
Owen Keegan*	5	-	-	-	-
Paul Holden	5	4	-	11,970	-
Stephen Casey	6	5	-	7,695	-
Víctor Leonov **	-	4	-	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>45</b>	<b>15</b>	<b>13</b>	<b>46,568</b>	<b>1,426</b>

\* Ní íoctar táillí le baill an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoi threoir an Phrionsabail 'Duine Amháin Tuarastal Amháin', arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Mar thoradh air sin, bhí triúr de chomhaltaí Boird an DHDA nach raibh ag fáil táillí i rith na bliana (Aimée Williams, Carol Gibbons agus Owen Keegan).

\*\* Ball seachtrach gan íocaíocht den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

\*\*\* Is é Fiach Mac Conghail POF an DHDA agus ní fhaigheann sé táille Boird.

Íocadh táillí le baill an Bhoird ag na rátaí caighdeánacha ceadaithe i gcomhair na dtréimhsí atá i gceist.

## **Príomhathruithe Pearsanra**

### **Bord**

- Chuaigh Carol Gibbons ar scor mar Chomhalta den Bhord an 4 Iúil 2022 mar gheall ar dhul in éag a téarma.
- Chuaigh Aimée Williams ar scor mar Chomhalta den Bhord an 6 Deireadh Fómhair 2022 mar gheall ar dhul in éag a téarma.
- Athcheapadh Paul Holden mar Chathaoirleach an 5 Iúil 2022 go dtí an dáta is luaithe díobh seo, díscaoileadh na Gníomhaireachta nó an 4 Iúil 2025.
- Athcheapadh Darina Kneafsey mar Chomhalta Boird an 5 Iúil 2022 go dtí an dáta is luaithe díobh seo, díscaoileadh na Gníomhaireachta nó an 4 Iúil 2025.
- Athcheapadh Nora Nanayakkara mar Chomhalta Boird an 5 Iúil 2022 go dtí an dáta is luaithe díobh seo, díscaoileadh na Gníomhaireachta nó an 4 Iúil 2025.
- Athcheapadh Stephen Casey mar Chomhalta Boird an 5 Iúil 2022 go dtí an dáta is luaithe díobh seo, díscaoileadh na Gníomhaireachta nó an 4 Iúil 2025.
- Ceapadh Austin Campbell mar Chomhalta Boird an 5 Iúil 2022 go dtí an dáta is luaithe díobh seo, díscaoileadh na Gníomhaireachta nó an 4 Iúil 2025.

### **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**

- Ceapadh Paul Holden mar Chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an 11 Feabhra 2022.
- Athcheapadh Victor Leonov mar Chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an 11 Feabhra 2022.
- Ceapadh Alice Butler mar Chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca an 11 Samhain 2022.

### **An Coiste Réadmhaoine**

- Ceapadh Austin Campbell mar Chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 22 Iúil 2022.
- D'éirigh Fiach Mac Conghail as a phost mar Chomhalta den Choiste Maoine an 22 Iúil 2022 agus lean sé air ag freastal ina cháil mar POF.

### **Rúnaí an Bhoird agus Príomhoifigeach Riosca**

- Athcheapadh Róisín Henehan mar Rúnaí Boird agus mar Phríomhoifigeach Riosca an 8 Márta 2022.

## **Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) comhlíonta ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach de réir mar atá sé foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach de réir an Chóid.



**Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhaill an Bhoird (ar lean.)****Costais Chomhairleoireachta**

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle sheachtraí don mbainistíocht. Ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' orthu.

	2022 €	2021 €
Comhairle dhlí	12,391	2,004
Soláthar*	-	(38,187)
Comhairleoireacht agus athfhorbairt	56,251	41,855
Sláinte agus sábháilteacht	3,218	4,828
Rialachas	13,795	8,538
Luacháil réadmhaoine	12,667	5,552
Iníúchadh inmheánach agus cáin	52,590	57,624
<b>Costas Chomhairleoireachta iomlán</b>	<b>150,912</b>	<b>82,214</b>
Costas chomhairleoireachta arna gcaipitliú	56,251	23,144
Costas chomhairleoireachta arna ngearradh chuig an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil	94,661	59,070
<b>Iomlán</b>	<b>150,912</b>	<b>82,214</b>

\*Soláthar – Amhail an 31 Nollaig 2020, rinne an chuideachta costais a tabhaíodh maidir le soláthar le haghaidh seirbhísí TFC a mheas. Mar gheall ar an bhfógra díscailte, cuireadh an obair ar athló agus atosóidh sí in 2023. Mar thoradh air sin, scaoileadh fabhrú a coinníodh an 31 Nollaig 2020 le linn 2021.

**Costais agus Socruithe Dlí**

In 2022, ní raibh aon chostais ná socruithe dlí ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtas um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit.

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
<b>Baile</b>		
- Bord	941	5
- Fostaithe	74	-
<b>Idirnáisiúnta</b>		
- Bord	411	-
- Fostaithe	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>1,426</b>	<b>5</b>

**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	€	€
Fáilteachas cliaint*	9,753	279
Fáilteachas Foirne	975	137
<b>Iomlán</b>	<b>10,728</b>	<b>416</b>

\* Áirítear air seo imeachtaí fiontair agus líonraithe phobail ar an gcampas.

**Ráiteas um Chomhlíonadh**

Bhí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag feidhmiú de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit 2016 ar an 31 Nollaig 2022.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**

Cathaoirleach

**Brian Keogh**

Comhalta den Bhoird

22nd Meitheamh 2023

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

## Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, glacaim leis an bhfreagracht atá orainn caomhnú agus cur i bhfeidhm chórais éifeachtaigh um rialú inmheánach a áirithiú.

Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta agus ní iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go gceadaítear is do dtaifeadtar idirbhearta mar is cóir agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear iad in am tráth.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun tacú lena bhainistiú riosca tríd na nithe seo a leanas a bhunú:

- (i) Beartas bainistithe riosca.
- (ii) Beartais, nósanna imeachta agus oiliúint chuí maidir le bainistiú riosca.
- (iii) Feidhm iniúchóireachta Inmheánaí chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le héifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- (iv) Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh agus a thuairiscíonn a thorthaí don Bhord go rialta.
- (v) Coiste Maoine a dhéanann maoirseacht ar éifeachtacht chur i bhfeidhm bheartais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bhaineann lena punann réadmhaoine agus a thuairiscíonn a thorthaí don Bhord go rialta.

## Measúnacht tionchair Covid-19 ar an bphríomhghnó, ar rialuithe inmheánacha agus nósanna imeachta pearsanra

Chuir Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach tús le gníomhaíochtaí sa chéad ráithe de 2020 chun a chur ar chumas na Gníomhaireachta oibríochtaí gnó a choinneáil ar siúl le linn thréimhse na paindéime. Leanadh leis na gníomhaíochtaí seo, a rinneadh mar fhreagairt ar dhúshlán ghnó agus ar rioscaí méadaithe do rialuithe inmheánacha in 2022 agus áiríodh leo:

- (i) Athbhreithnithe ar phlean leanúnachais gnó na Gníomhaireachta agus tástáil air.
- (ii) Bearta sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar fud an champais agus le hoifigi na Gníomhaireachta.
- (iii) Rialuithe slándála TFC a neartú agus oiliúint slándála faisnéise a athnuachan d'fhoireann na Gníomhaireachta.
- (iv) Obair bhaile agus tacaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme de réir mar is gá.
- (v) Athbhreithnithe ar phríomhphróiseas gnó agus ar rialuithe inmheánacha mar fhreagairt ar obair ón bhaile.
- (vi) Tacaíochtaí breise a bhaineann le hacmhainní daonna don fhoireann.
- (vii) Monatóireacht bhreise agus tuairisciú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar shaincheisteanna foirne agus oibríochta.
- (viii) Maoiniú breise a fháil ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide do 2022.

Lean foireann bainistíochta an DHDA le bainistíocht riosca a choinneáil mar mhír bhuan ar an gclár oibre ag cruinnithe bainistíochta trína ndearnadh rioscaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a mheas. Ina theannta sin, tarraingíodh neastimpistí, laigí i rialú inmheánach agus aon sárúithe ar rialú tríd an bhfóram seo agus tuairiscíodh iad don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord nuair ba iomchuí. Spreagann an POF agus an Feidhmeannas tuairisciú tráthúil ar shaincheisteanna.

### **Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe a bhunú a thugann cinnteacht go mbainfidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuid cuspóirí amach le méid inghlactha de riosca iarmharach.

Is é atá i gcreat riosca agus rialaithe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

- (i) Beartas Bainistithe Riosca arna chomhaontú agus arna shíniú ag an mBord.
- (ii) Clár Riosca a léiríonn na rioscaí sin atá ábhartha i gcomhthéacs na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bheith ag baint amach a cuspóirí ar an iomlán. Sa Chlár Riosca cláraítear measúnú na Gníomhaireachta ar thionchar agus ar dhóchúlacht gach riosca a aithnítear, na rialuithe atá ann chun rioscaí a mhaolú agus daoine ar leith atá freagrach as iad a chur i ngníomh agus as a n-éifeachtacht. Déanann an fheidhmeannacht, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú dhá uair sa bhliain ar a laghad ar an gClár Riosca. Tuairiscítear teipeanna suntasacha ar rialú don gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don mBord agus cuirtear beart ceartúcháin i ngníomh.
- (iii) I measc na bpríomhphróiseas atá ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun rioscaí a rialú tá:
  - a) Nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó.
  - b) Creat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta.
  - c) Freagrachtaí a shannadh mar aon le socruithe comhfhreagracha cuntasachta agus tuairiscithe.
  - d) Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú, athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastacháin, spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.
  - e) Córais atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht chórais TFC na Gníomhaireachta a dhaingniú.
  - f) Córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a choimirciú.
  - g) Córais atá i bhfeidhm chun neasteipeanna agus laigí/teipeanna rialaithe inmheánaigh a thuairisciú agus a ghéarú.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an DHDA, a fheidhmíonn de réir Chóid Chreata um Bharrchleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Is bunaithe ar anailís a dhéantar ar an riosca a bhfuil an chomhlacht ar a ris a dhéantar an iniúcháireacht inmheánach; bunaítear na pleananna bliantúla don iniúcháireacht inmheánach ar an anailís sin. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an anailís riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánacha agus faomhann sé féin agus an Bord iad. Soláthraíonn an t-Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí don Bhord gach bliain, ar a laghad. Cuimsítear sa tuairisc tuairim an Iniúchta Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach.

Tá an mmonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach bunaithe ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchta inmheánaigh, obair bhainistíochta na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú airgeadais, agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

## **Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022**

### **Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním gur choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach maidir leis an bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022.

Rinne cuideachta sheachtrach athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2022 agus shínigh Bord na Gníomhaireachta é ar an 23 Feabhra 2023.

Tá an Ghníomhaireacht réasúnta cinnte go bhfuil na córais Rialaithe Inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 éifeachtach, agus níor sainaithníodh aon cheisteanna maidir le rialú inmheánach.

### **Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach**

Níor sainaithníodh aon cheisteanna/laigí maidir le rialú inmheánach le linn 2022.

### **Soláthar**

Tá beartais agus nósanna imeachta curtha ar bun ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach atá beartaithe chun a comhlíonadh le rialacha ceannaigh a chinntiú.

### **Faomhadh ón mBord**

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an mBord ar an Ráiteas ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí ag oibriú le linn na tréimhse tuairiscithe.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**

Cathaoirleach

**Brian Keogh**

Comhalta den Bhord

22nd Meitheamh 2023

# Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach

### Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 mar a éillítear faoi fhorálacha ailt 31 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí a ghabhann leo lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasáíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, na dlíteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais i 2022 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoina caighdeáin sin in aguisín na tuarascála seo. Tá mé neamhspleách ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé dóthanach agus cuí le bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile chomh maith le ráitis airgeadais curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach. Is ionann sin agus an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltáí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le heolas mar sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil in aguisín na tuarascála seo.

### Tobhach Suímh Fholaimh

Nochtann Nóta 7.1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais gur lean an Gníomhaireacht de chaiteachas a thabhtú mar thoradh ar thobhach shuímh fholaimh a ghearrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith suímh ar leis an nGníomhaireacht é agus nár forbraíodh. Ba é €227,500 an caiteachas a tabhaíodh i leith 2022 (2021: €227,500).

### Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2023

## Tuairisc ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean.)

### Le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Mar a mhionsonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil Chomhaltai an Bhoird, tá Comhaltai an Bhoird freagrach as an méid seo a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm atá forordaithe faoi alt 31 d'Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn ghnóthais leantaigh na cuntasaióchta iomchuí agus
- rialú inmheánach den tsórt siúd a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid, a éascú.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus tuairisc a thabhairt faoi do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná cinnteacht réasúnach a fháil ar an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha nó nach bhfuil, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnach agus leibhéal ard cinnteachta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIlInna míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlahtar ar bhonn na ráitis airgeadais sin.

Bainim úsáid as breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta mar chuid den iniúchadh de réir na CIlInna. Agus mé á dhéanamh,

- Aithním agus measaim rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais más de bharr calaoise nó earráide é; ceapaim modhanna iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus cúil le bunús a chur ar fáil do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraifead míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, faillí d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaos.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a chumadh a bheidh oiriúnach do na cúinsí atá ann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim ábharthacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáidtear agus réasúnacht mheastacháin chuntasaióchta agus nochtuithe a bhaineann leo.
- Déanaim amach an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an bhoinn ghnóthais leantaigh cuntasaióchta oiriúnach agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaighim, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhágfadh amhras suntasach ar chumas Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh ar chumas Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leanúint mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.



Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir leis an scóip agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha i measc ábhair eile. Áirítear leis seo aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn mo chuid iniúcháireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas nó na mínithe ar fad atá ag teastáil do m'iniúchadh nó
- nó nach raibh na taifid cuntasáochta dóthanach chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasáochta.

### **Eolas seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlédaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tátail chinnteachta ina thaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais tá orm, faoi na ISAnna, an t-eolas eile a cuireadh i láthair a léamh agus a mheas an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ag teacht, ar an iomlán, leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, é sin, nó cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon dealramh air gur mí-shonraíodh é ar shlí éigin eile. Más rud é go mbainim tátal as, go bhfuil míráiteas ábhartha ar an eolas eile seo, bunaithe ar an obair atá déanta agam, tá sé de chúram orm é sin a thuairisciú.

### **Tuairisciú ar ábhair eile**

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúchán. Tuairiscím má aimsím nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha nuair nach raibh airgead á úsáid chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Ioncam</b>			
Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile	4	1,497,068	1,404,158
Deontais ón Státchiste	5	2,346,060	2,311,000
		<b>3,843,128</b>	<b>3,715,158</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais a bhaineann leis an bhFoireann	6	1,276,683	1,373,308
Costais oibríochtaí, ginearálta agus riaracháin	7	2,792,859	2,442,607
Caidreamh Pobail	8	83,670	100,980
Tionscnaimh Digiteacha	9	49,995	3,152
		<b>4,203,207</b>	<b>3,920,047</b>
<b>Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>			
(Laghú) /Méadú ar luach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh	10	(6,561,680)	4,794,439
Gluaiseacht ar luach cothrom Réadmhaoine Infheistíochta	11	(1,679,699)	(1,608,874)
Cáin Chorparáide	13	535	25,719
		<b>(8,600,923)</b>	<b>3,006,395</b>
<b>(Easnamh)/Barrachas don Bhliain</b>			
larmhéid ar an 1 Eanáir		(2,800,480)	(5,806,875)
larmhéid ar an 31 Nollaig		(11,401,403)	(2,800,480)

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-19.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**      **Brian Keogh**  
Cathaoirleach      Comhalta den Bhoird

22 Meitheamh 2023

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>(Easnamh)/Barrachas don Bhliain</b>		<b>(8,600,923)</b>	<b>3,006,395</b>
Gnóthachain/(Cailiteanais) achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin	17(c)	1,788,000	109,000
Coigeartú chuig Sócmhainn Maoinithe Pinsin		(1,788,000)	(109,000)
<b>Iomlán na gCailiteanas (Gnóthachan) aitheanta don bhliain</b>		<b>(8,600,923)</b>	<b>3,006,395</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-20.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**      **Brian Keogh**  
Cathaoirleach      Comhalta den Bhord

22 Meitheamh 2023

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	10	33,780,798	40,162,431
Réadmhaoin Infheistíochta	11	17,100,000	18,750,000
		50,880,798	58,912,431
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe	14	253,696	285,761
Banc agus airgead tirim		1,342,150	1,172,431
		1,595,846	1,458,192
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	15	(1,363,472)	(1,391,528)
<b>Glanshócmhainní Reatha Lúide Dlíteanais</b>		232,374	66,664
<b>Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanas roimh Phinsin</b>		51,113,172	58,979,095
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	17(c)	3,255,000	4,686,000
Dlíteanais Phinsin	17(c)	(3,255,000)	(4,686,000)
<b>Iomlán na nGlanshócmhainní</b>		51,113,172	58,979,095
<b>Arna dtaispeáint ag:</b>			
Cúlchiste Caipitil	16	62,514,575	61,779,575
Cúlchistí Ioncaim arna gcoinneáil		(11,401,403)	(2,800,480)
		51,113,172	58,979,095

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-20.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**

Cathaoirleach

**Brian Keogh**

Comhalta den Bhoird

22 Meitheamh 2023

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Sreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
(Easnamh)/Barrachas ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		(8,600,923)	3,006,395
Dímheas	10	91,101	49,316
Athluacháil Réadmhaoin	10	6,561,680	(4,794,439)
Athluacháil ar Réadmhaoin Infheistíochta	11	1,679,699	1,608,874
Laghdú ar airgead infhaighte	14	32,065	13,432
Méadú/(Laghdú) ar Airgead iníochta	15	(28,056)	(342,141)
Ús bainc		-	(30)
<b>Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>(264,434)</b>	<b>(458,593)</b>
<b>Sreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	10	(325,148)	(143,382)
Fáltais ó dhiúscairt Maoine, Gléasra agus Trealaimh	10	54,000	-
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin Infheistíochta a cheannach	11	(29,699)	(557,470)
<b>Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		<b>(300,847)</b>	<b>(700,852)</b>
<b>Sreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe</b>			
Ús bainc Isteach		-	30
Maoiniú Caipitil	16	735,000	621,000
<b>Glanshreafaí airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe</b>		<b>735,000</b>	<b>621,030</b>
<b>Glanmhéadú/(Laghdú) ar Airgead agus ar Chomhluachanna Airgid</b>			
		169,719	(538,415)
Airgead agus Comhluachanna Airgid amhail 1 Eanáir		1,172,431	1,710,846
<b>Airgead Tirim agus a Choibhéis amhail an 31ú Nollaig</b>		<b>1,342,150</b>	<b>1,172,431</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Bunaíodh an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leis an Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus tá an phríomhoifig suite san Iosta Digiteach, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Tá bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leagtha amach anseo thíos. Feidhmíodh iad go léir go seasmhach ar feadh na bliana ar fad agus sa bhliain roimhe sin.

### a) Eolas ginearálta

Tá príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach de réir mar atá siad leagtha amach in alt 8 den Acht seo mar seo a leanas:

- (i) forbairt an Mhoil Dhigitigh, lena n-áirítear oibreacha foirgníochta nó oibreacha cothabhála a dhéanamh, mar shuíomh d'fhiontair dhigiteacha mar aon le gníomhaíochtaí gaolmhara a thabhairt chun críche, a soláthar a dhaingniú, a chur chun cinn agus a éascú.
- (ii) Straitéisí a chur le chéile chun daoine aonair agus fiontair atá ag gabháil d'ábhar digiteach agus do gníomhaíochtaí gaolmhara a spreagadh chun cur fúthu sa Mhol Digiteach.
- (iii) Soláthar bonneagair theicniúil agus cumarsáide a chur chun cinn agus a éascú chun fiontair dhigiteacha a mhealladh chuig an Mol Digiteach.
- (iv) Plean forbartha a ullmhú de réir Alt 9.
- (v) Meastacháin a ullmhú maidir leis na costais a bhaineann leis an bplean forbartha a chur i ngníomh agus roghanna maoinithe féideartha a mholadh.
- (vi) Cur i ngníomh an phlean forbartha a mhaoirsiú agus a bhainistiú.
- (vii) Dul i gcomhairle le leasanna an phobail áitiúil sa Mhol Digiteach nó in aice leis mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean forbartha.
- (viii) Comhaontuithe a dhéanamh le daoine eile d'fhonn forbairt an Mhoil Dhigitigh a dhaingniú cibé acu, trí dheonaíocht, comhfhiontar, comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach nó trí acmhainn ar bith eile.
- (ix) Dul i gcomhaontú, más cuí, le duine a bhfuil maoiniú socraithe nó curtha ar fáil aige chun cuid ar bith d'fhorbairt an Mhoil Dhigitigh a dhéanamh.

Eintreas Sochair Phoiblí is ea an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

### b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 agus don bhliain roimhe sin de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis chuntasaíochta ag baint úsáide as an mhodh cuntasaíochta ar bhonn fabhráithe ach amháin le haghaidh Deontas ón Státchiste agus le haghaidh sócmhainní áirithe a mheastar ag luachanna cothroime mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaíonn Aire Comhshaoil,

Aeráide agus Cumarsáide na hÉireann le comhthoiliú ón Aire Airgeadais faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Feidhmíodh na beartais chuntasaíochta seo a leanas go seasmhach i ndáil le plé le rudaí a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

#### **d) Ioncam**

##### **Deontais ón Státchiste**

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe de ghnáth; eisceacht amháin is ea Deontais ón Státchiste. Aithnítear iad ar bhonn fáiltas airgid tirim.

##### **Ioncam Deontais Eile**

Coinnítear ioncam deontais a bhailítear ach nach dtuilltear mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus leithdháiltear é ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann an deontas.

##### **Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile**

Aithnítear ioncam tráchtála agus ioncam eile ar bhonn fabhráithe. Taifeadtar ioncam neamhthuillte mar ioncam iarchurtha agus aistrítear chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil é agus é tuillte.

##### **Ioncam Úis**

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhráithe ag baint úsáide as an modh ráta úis éifeachtaigh.

#### **e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

##### **i) Sócmhainní Forbartha**

Is é atá i gceist le sócmhainní forbartha ná talamh agus foirgneamh i seilbh na Gníomhaireachta a úsáidfeadh chun lárionad fiontair nuálach atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt. Tar éis iad a bheith forbartha mínítear na sócmhainní mar Réadmhaoin Infheistíochta.

Déileáiltear le sócmhainní forbartha mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus meastar iad trí úsáid a bhaint as an tsamhail athluachála. Sa chás go méadaítear suim glanluacha sócmhainní mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Má aisiompaíonn an méadú laghdú athluachála a aithníodh roimhe maidir leis na sócmhainní ábhartha aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil é.

##### **ii) Daingneáin agus Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta**

Luaitear Daingneáin agus Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta ag a gcostais lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú i gcomhair soláthair ar bith le haghaidh lagaithe. Foráiltear dímheas ag rátaí measta chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh de réir mhéid chothroim thar a saolréanna úsáideacha measta mar seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis	20% sa bhliain
Trealamh Ríomhaireachta	33 1/3% in aghaidh na bliana

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a bhaint dá mba rud é go raibh an tsócmhainn den aois sin cheana féin agus an bhail a bheith uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise neamhspleách ar lagú luach sócmhainne ann aithnítear cailteanas de dheasca lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.



## **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022**

### **f) Réadmhaoin Infheistíochta**

Is réadmhaoin í réadmhaoin infheistíochta a bhfuil a bhforbairt críochnaithe. Tá siad á gcoinneáil ag an DHDA chun críocha a n-acmhainn infheistíochta agus giniúint cíosa.

Aithnítear réadmhaoin infheistíochta ag a costas ar dtús. Meastar réadmhaoin ar féidir a luach cóir a mheas go hiontaofa ag a luach cothrom. Aithnítear athrú ar luach cothrom sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim arna gCoinneáil.

### **g) Airgead Infhaighte**

Aithnítear airgead infhaighte ag luach cothrom lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Sainfhoráil is ea an fhoráil um fhiacha amhrasacha agus bunaítear í má tá fianaise neamhspleách ar fáil nach mbeidh ar chumas an DHDA na méideanna atá amuigh a bhailiú. Aithnítear na gluaiseachtaí uile atá sa bhforáil um fhiacha amhrasacha sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim arna gCoinneáil.

### **h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachais cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim arna gCoinneáil thar saol an léasa. Aithnítear caiteachas de réir mhéid chothroim thar tréimhse an léasa ach amháin má tá baint idir arduithe cíosa leis an ráta measta boilscithe. Sa chás seo aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar saol an léasa.

### **i) Sochair Fostaithe**

#### **Sochair ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós phá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá carntha ag deireadh na bliana san áireamh sa mhéid atá iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

#### **Sochair scoir**

Tá scéim pinsean le sochar sainithe á oibriú ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

Tá socrú ag an DHDA leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoina n-aisíoctar leis an DHDA an t-airgead ar fad atá ag teastáil chun na dliteanais phinsin a shocrú nuair a bhíonn siad dlite. Már chúiteamh tá ar an nGníomhaireacht méid cothrom le ranníocaíochtaí fostaithe don bhliain móide ranníocaíocht fostóra ag rátaí atá socraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag foireann an DHDA sa tréimhse agus taispeántar iad glan de ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe atá á gcoinneáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Aithnítear méid cothrom leis na sochair atá tuillte ag an bhfoireann mar mhaoiniú iarchurtha de réir an socrú aisíocaíochta atá mínithe thuas.

Dlíteanais scéime pinsin a thaispeántar mar luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin a dhéanfar amach anseo, atá tuillte ag foireann na Gníomhaireachta go dtí seo, meastar ar bhonn achtúireach iad tríd an modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid (más cuí). Meastar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh an Mhaoinithe Phinsin larchurtha ag méid arb ionann é agus meastachán na hoibleagáide do na dlíteanais scéime pinsin.

Oibríonn an Gníomhaireacht an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') d'fhoireann a chuir tús lena bhfostaíocht san earnáil poiblí an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí baill na scéime aonair agus ranníocaíocht Fostóra (mar a éilítear faoi chiorclán ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 28/2016) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é an muirear sochair scoir i leith na Scéime Aonair ná ranníocaíocht an Fhostóra.

### **j) Cáin Iarchurtha**

De réir FRS 102 déanann an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach soláthar do cháin iarchurtha ar bhonn 'soláthair iomláin' a eascraíonn ó dhifriochtaí uainiúcháin a thagann chun cinn idir aithint gnóthachan nó cailteanas sna ráitis airgeadais agus aitheantas orthu sa ríomh cánach. Ní lascainítear iarmhéideanna cánach iarchurtha mar mheastar nach ábhartha í éifeacht an lascainithe.

**k) Cuntas Caipitil**

Léiríonn an cuntas caipitil luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht nuair a bunaíodh í agus ina dhiaidh sin mar aon le maoiniú agus deontais caipitil eile a fuarthas.

**2. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáíochta Criticiúla**

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú tá gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a imríonn tionchar ar na méideanna a thuairiscítear i dtaobh sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus i dtaobh na méideanna a thuairiscítear mar ioncaim agus caiteachais i gcaitheamh na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na fáltais iarbhír. Ba iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

**Dímheas agus Luachanna Iarmhartacha**

Tá saoil sócmhainní agus luachanna iarmhartacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta athbhreithnithe ag an DHDA, go háirithe saol úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmhartacha daingneán agus feisteas agus trealamh ríomhaire, agus tá socraithe acu go bhfuil saoil sócmhainní agus luachanna iarmhartacha mar ba chúil.

**Oibleagáid maidir le Sochar Scoir**

Socraítear na foshuíomhanna atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhairreachta agus rátaí treochta maidir le costais cúram sláinte) agus nuashonraítear iad go bliantúil de réir cúinsí eacnamaíochta reatha agus i ndáil le hathrú ábhartha ar bith ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scortha.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
- (ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh shaothair amach anseo
- (iii) Rátaí an treochta costais chúraim shláinte, an ráta boilsithe costas leighis sna réigiúin lena mbaineann.

**Luacháil réadmhaoine**

Is iad saineolaithe luachála eastáit réadaigh na Gníomhaireachta a chinneann luach cóir na réadmhaoine infheistíochta. Baineann siad úsáid as teicnící luachála aitheanta agus as prionsabail FRS102. Leagtar amach go mionsonraithe i nóta 12 na modhanna agus na toimhdí suntasacha a úsáideann luachálaithe chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus na sócmhainní forbartha a mheas.

**3. Gnóthas Leantach agus Forbairt amach anseo**

Déanann an DHDA a cuid costais oibriúcháin a ghlanadh faoi láthair trí mheascán de dheontais Stáitchiste agus ioncam tráchtála. Bhí tionchar ábhartha ag an bpaindéim Covid 19 ar ioncam tráchtála an DHDA in 2022 agus tháinig laghdú air dá deasca. Lean sé seo ar aghaidh go 2023.

In Aibreán 2021, chinn an Rialtas an DHDA a dhíscaoileadh agus go bhfuil a shócmhainní talún agus maoinne go léir le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Teastaíonn reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide litir tacaíochta ar fáil ag athdhearbhú a tiomantais maoiniú Stáitchiste a sholáthar chun cabhrú leis an nGníomhaireacht a costais a íoc in 2023 agus don tréimhse amach anseo a theastaíonn chun a foirceannadh ordúil a éascú.

Sna cúinsí a thuairiscítear thuas, tá an Bord sásta go mbeidh an Gníomhaireacht in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, agus measann sé dá bhrí sin gur iomchuí na cuntais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Leanann an Gníomhaireacht uirthi ag luacháil a cuid sócmhainní infheistíochta agus forbartha de réir a cuid beartais chuntasáíochta.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### 4. Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

San áireamh in Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile tá ioncam Smart D8 arb ionann é agus €108,400.

### 5. Deontais ón Státchiste

Dearbhaíonn an DHDA go bhfuil córais rialaithe airgeadais leordhóthanacha aici chun na cistí deonaithe a bhainistiú de réir na dtreoirínte atá i gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba iad seo a leanas na deontais a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a rinneadh faoi Alt 29 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 (Vóta 29: Fo-cheannteideal A4) chun críocha caiteachais ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna:

	2022 €	2021 €
<b>Reatha</b>		
Oibríochtaí	2,194,060	2,159,000
Caidreamh Pobail	70,000	70,000
Tionscnaimh Digiteacha	82,000	82,000
	<b>2,346,060</b>	<b>2,311,000</b>
<b>Caipiteal</b>		
Oibreacha Forbartha agus bainistíocht suíomhanna tréigthe*	735,000	621,000

\* Maoiniú Státchiste faighte agus caipitlithe i leith oibreacha forbartha.

### 6. Costais a bhaineann leis an bhFoireann

#### a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

Ba é 12 an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht i rith na bliana (2021: 15). De bhreis air seo coinníonn an DHDA seirbhísí bhall foirne riaracháin amháin de chuid gníomhaireachta tríú pháirtí. Ba iad seo a leanas costais chomhiomlána an phárolla:

	2022 €	2021 €
<b>Sochair ghearrthéarmacha</b>		
Foireann a fuair tuarastal	908,588	1,022,103
Foireann de chuid Gníomhaireachta Tríú Pháirtí	49,780	47,531
Foireann ar iasacht	33,588	-
Táillí baill an Bhoird	46,568	49,290
ÁSPC Fostóra	97,929	109,343
Ranníocaíocht Phinsin an Fhostóra	140,230	145,041
	<b>1,276,683</b>	<b>1,373,308</b>

**b) Sochair ghearrthéarmacha don bhFoireann**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Tuarastal	908,588	1,022,103
Liúntais	-	-
Sochair scoir	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	<b>908,588</b>	<b>1,022,103</b>

**c) Príomhfhoireann Bainistíochta**

Ar an bpríomhphearsanra bainistíochta sa DHDA áirítear baill an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Airgeadais. Is é luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta ná €288,947 in 2022 (2021: €342,073). Bhí clúdach máithreachais san áireamh don Phríomhoifigeach Airgeadais in 2021.

Ní chuimsítear sa mhéid seo luach na sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse. Ní baill den scéim pinsin iad na Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Phinsin Aoisliúntais an DHDA agus tá an Príomhoifigeach Airgeadais ina bhall de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

**d) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - Tuarastal agus Sochair**

Ba é €122,711 pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais le haghaidh 2022 (2021: €118,867).

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Phinsin Aoisliúntais an DHDA agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí eiseamláireaf. Ní chuimsítear sa mhéid seo luach na sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse.

**e)** Cloíonn an DHDA le beartas pá an Rialtais agus le téarmaí Chomhaontú Bhóthair Lansdún ar tháinig éifeacht leis ón 1 Iúil 2016. In 2022, baineadh €29,118 den phárolla maidir leis an ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (ASC) agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é (2021: €28,275). In 2022, dámhadh caiteachas €3,000 (2021: €3,500) ar an bhfoireann mar aitheantas fostaí.

Tabhaidh costais bhreise a bhain le baill foirne dar luach iomlán €918 (2021: €137) maidir le himeachtaí foirne.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### f) Miondealú ar fhoireann a fuair tuarastal (os cionn €60,000)

	Líon Fostaithe 2022	Líon Fostaithe 2021
€60,000 go €69,999	2	2
€70,000 go €79,999	1	2
€80,000 go €89,999	2	-
€90,000 go €99,999	-	1
€100,000 go €109,999	-	1
€110,000 go €119,999	1	2
€120,000 go €129,999	2	-

## 7. Costais Oibríochtaí, Ginearálta agus Riaracháin

	2022 €	2021 €
Taisteal agus Cothabháil	1,354	40
Costais a bhaineann le Réadmhaoín	1,588,370	1,380,266
Árachas	170,619	147,488
Costais a bhaineann le Margaíocht	30,191	29,142
Costais a bhaineann le Forbairt Réadmhaoine	19,611	44,019
Tobhach ar Láithreáin Fholamh (féach Nóta 7.1)	227,500	227,500
Seirbhísí Gairmiúla (féach Nóta 7.2)	191,209	190,328
Forchostais Oifige (féach Nóta 7.3)	236,024	238,755
Costais Díscailte (Féach Nóta 7.5)	21,782	50,963
Soláthar Smart D8 le haghaidh Caiteachais	199,838	60,000
Imeachtaí Líonraithe (ranníocaíocht na Gníomhaireachta) (féach Nóta 7.4)	-	279
Ús	-	7,347
Táille Iniúcháireachta	13,334	12,100
Dímheas (féach Nóta 10)	91,101	49,316
Drochfhiacha	-	2,077
Táillí Bainc	1,926	2,987
	2,792,859	2,442,607

### 7.1 Tobhach Láithreáin Fholaimh

Tá an campas comhdhéanta de réadmhaoín forbartha agus infheistíochta lena n-áirítear roinnt suíomhanna tionsclaíocha tréigthe. Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 ba é an ráta iníochta ná 7% de luach an láithreáin agus b'ionann an tobhach láithreáin folaimh (VSL) agus €227,500. Tá an VSL le n-íoc i gcónaí in aghaidh gach bliana ina dhiaidh sin a mheasann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil an láithreán folamh. Cé go ndéanann an DHDA gach iarracht chun a chinntiú go gcoinnítear tobhaigh chomh híseal agus is féidir, níl na hacmhainní ag an nGníomhaireacht chun na suíomhanna a fhorbairt léi féin. Maidir leis sin níl smacht díreach ag an DHDA ar an leibhéal VSL a fhorchuirtear uirthi.

## 7.2 Seirbhísí Gairmiúla

	2022 €	2021 €
Earcaíocht	4,762	43,306
Luacháil Réadmhaoine	17,041	5,552
Cúrsaí dlí/Iniúchadh Inmheánach/Cánachas*	37,410	(21,168)
CP/Gnóthaí poiblí	91,644	88,609
Seirbhísí Eile	40,352	74,029
	191,209	190,328

\* Cúrsaí Dlí/Iniúchadh Inmheánach/Cánachas – Amhail an 31 Nollaig 2020, mheas an chuideachta costais a tabhaidh maidir le soláthar do sheirbhísí TFC. Mar gheall ar an bhfógra díscailte, cuireadh an obair ar athló agus atosóidh sí in 2022. Mar thoradh air sin, scaoileadh fabhrú a coinníodh an 31 Nollaig 2020 le linn 2021.

## 7.3 Forchostais Oifige

Áirítear le Forchostais Oifige dhá léas oibríocháin nach féidir a chur ar ceal agus is é €1,495 an tsuim iomlán.

Tá iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú mar seo a leanas:

	2022 €	2021 €
Tráth nach déanaí ná bliain amháin	1,495	5,142
Tráth nach déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana	-	5,128
	1,495	10,270

## 7.4 Imeachtaí Líonraithe

Cinntíonn beartas an DHDA maidir le himeachtaí líonraithe go gcloítear le hardchaighdeán ionracais agus cuntasachta agus go mbainistítear teagmhais ina dtabhaítear caiteachas ar bhia agus/nó deoch le freagracht agus le cuspóir ghnó.

## 7.5 Costais Díscailte

Tar éis fhógra an Rialtais an 27 Aibreán 2021 an DHDA a dhíscailte agus na sócmhainní a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, thabhaigh an DHDA táillí breise dlí agus gairmiúla maidir leis an ábhar seo.

## 7.6 Caiteachas Smart D8

In 2020, sheol an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Smart D8 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas. Bunaíodh an tionscnamh chun réiteach nuálach a fhorbairt ar shláinte agus folláine an daonra i mBaile Átha Cliath 8. Baineann sé le roinnt gnéithe amhail oibriú le cónaitheoirí áitiúla, soláthraithe cúraim sláinte, gnólachtaí nuathionscanta ar comhpháirtithe tionscail iad agus taighdeoirí acadúla chun feidhmchláir a fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar shaol na cathrach agus ar shláinte agus ar fholláine na saoránach sna blianta amach romhainn. Mar gheall ar rath an tionscnaimh Smart D8 tá síneadh dhá bhliain breise á chur leis an tionscadal ó Dheireadh Fómhair 2022. Tá an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, mar phríomhpháirtí, ag fáil maoiniú Smart D8 ó chomhpháirtithe éagsúla do chéad chéim eile an tionscadail. Chuir an Gníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach €30,000 leis an tionscadal in 2022 freisin. Tá soláthar déanta ag an nGníomhaireacht do chaiteachas €199,838 i gcoinne an mhaoinithe a fuarthas a leithdháileadh ar chláir nó ar thuarastail sa dá bhliain amach romhainn.



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### 8. Caidreamh Pobail

Baineann sé le costas ar chláir don bpobal áitiúil a chur ar fáil.

	2022 €	2021 €
Soláthar na gClár	81,720	33,518
Costais eile	1,950	67,462
	<b>83,670</b>	<b>100,980</b>

### 9. Tionscnaimh Digiteacha

Baineann sé le costais ar thograí agus tionscadail digiteacha a sholáthraíonn ionad tástála d'úsáid meán digiteach.

	2022 €	2021 €
Future Creators	19,995	3,152
Smart D8	30,000	-
	<b>49,995</b>	<b>3,152</b>

Caipitlíodh costais €18,748, rud as a lean caiteachas iomlán €152,413 maidir le buiséad Idirchaidrimh Pobail agus Tionscnaimh Dhigiteacha.

### 10. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Sócmhainní Forbartha €	Daingneáin agus Feistis €	Trealamh Ríomhaire €	Iomlán €
<b>Costas/Luacháil</b>				
amhail an 1 Eanáir 2022	39,900,012	2,910,604	1,460,548	44,271,164
Breiseanna	36,680	279,336	9,132	325,148
Díúscairtí	-	-	(54,000)	(54,000)
Athluacháil	(6,561,680)	-	-	(6,561,680)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>33,375,012</b>	<b>3,189,940</b>	<b>1,415,680</b>	<b>37,980,632</b>
<b>Dímheas</b>				
amhail an 1 Eanáir 2022	-	2,777,637	1,331,096	4,108,733
Muirear don bhliain	-	57,803	33,298	91,101
<b>Amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>-</b>	<b>2,835,440</b>	<b>1,364,394</b>	<b>4,199,834</b>
<b>Glanluach na leabhar</b>				
amhail an 1 Eanáir 2022	39,900,012	132,967	129,452	40,162,431
<b>amhail an 31 Nollaig 2022</b>	<b>33,375,012</b>	<b>354,500</b>	<b>51,286</b>	<b>33,780,798</b>

## 11. Réadmhaoin Infheistíochta

Tá an ghluaiseacht i luach anonn na sócmhainní a choinnítear mar réadmhaoin infheistíochta leagtha amach thíos.

Réadmhaoin Infheistíochta	31 Nollaig				31 Nollaig	
	2021	Breiseanna	Diúscairt	Athaicmiú	Athluach	2022
	€	€	€	€	€	€
Íosta Digiteach	4,750,000	29,207	-	-	(729,207)	4,050,000
Gatelodge	700,000	-	-	-	(50,000)	650,000
An Chúirt Dhigiteach	4,000,000	-	-	-	(250,000)	3,750,000
10-13 Sráid Thomáis	1,250,000	-	-	-	(50,000)	1,200,000
157 Sráid Thomáis	1,650,000	-	-	-	(200,000)	1,450,000
85-87 Sráid Thomáis	650,000	-	-	-	(50,000)	600,000
Townhouse Twenty2	1,250,000	-	-	-	(50,000)	1,200,000
Spásanna gluasteáin Sráid Bonham	550,000	-	-	-	(50,000)	500,000
Grainstore	3,950,000	492	-	-	(250,492)	3,700,000
	<b>18,750,000</b>	<b>29,699</b>	-	-	<b>(1,679,699)</b>	<b>17,100,000</b>

## 12. Athluacháil Réadmhaoin

- (i) Éilíonn FRS 102 athluacháil gach bliain ar luach cóir (comhionann le luach margaidh oscailte) réadmhaoin infheistíochta ag a bhfuil athruithe luacha arna dtabhairt chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Ní úsáidtear an tsamhail costais lúide dímhéasa ach amháin mura féidir luach cóir a thomhas go hiontaoifa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí. D'fhostaigh an DHDA cuideachta ghairmiúil luachálaithe chun luacháil neamhspleách ar réadmhaoin na Gníomhaireachta a dhéanamh.
- (ii) Mar gheall ar ghluaiseachtaí i luachanna réadmhaoin le blianta beaga anuas, rinne gnólacht gairmiúil luachálaithe luachálacha neamhspleácha amhail an 31 Nollaig 2022 a raibh muirir lagaithe ábhartha mar thoradh orthu.
- (iii) Cinneadh an luacháil ar bhonn ioncaim cíosa agus gné ghearrthéarmach na gceadúnas agus na léasanna éagsúla, suíomh, riocht na réadmhaoin agus dálaí ginearálta an mhargaidh á gcur san áireamh.
- (iv) Tá teorainn ar an DHDA sa mhéid nach féidir aon úsáid a bhaint as an réadmhaoin lena mbaineann ach i gcomhair fiontar digiteach agus chun críocha forbartha measctha. Glacadh sin san áireamh agus na luachálacha á socrú.

### Sócmhainní Forbraíochta

Mar a míníodh sna Beartais Chuntasaíochta, déantar Sócmhainní Forbartha a luacháil leis an tsamhail athluachála.

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Sócmhainní Forbartha amhail an 31 Nollaig 2022 rinneadh athluacháil anuas fhoriomlán €6,561,680 (2021: aníos €4,794,439), a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

### Réadmhaoin Infheistíochta

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Réadmhaoin Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2022 rinneadh athluacháil anuas fhoriomlán €1,679,699 (2021: anuas €1,608,874) a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### 13. Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach faoi dhliteanas cáin chorparáide a íoc maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). Déanann an DHDA foráil freisin do cháin iarchurtha ar bhonn 'forála iomláine' ag éirí as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó cailteanas sna ráitis airgeadais a aithint agus iad a bheith á n-aithint sa ríomh cánach.

#### a) Is é seo a leanas an cháin a gearradh/(a cuireadh chun sochair) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2022 €	2021 €
<b>Cáin reatha:</b>		
Cáin Éireannach ar bhrabúis na bliana airgeadais	-	(21,003)
<b>Cáin reatha iomlán</b>	<b>-</b>	<b>(21,003)</b>
<b>Cáin larchurtha:</b>		
Tionscnamh agus malartú na ndifríochtaí uainíochta	(535)	(4,716)
Ró-sholáthar sna blianta roimhe seo	-	-
<b>Cáin larchurtha iomlán</b>	<b>(535)</b>	<b>(4,716)</b>
<b>Cáin iomlán</b>	<b>(535)</b>	<b>(25,719)</b>

Díolmhaíonn Alt 610 den Acht Chomhdhlúite Cánacha 1997 (Sceideal 15) an Ghníomhaireacht ó Cháin Gnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairtí a rinneadh ar an 1 Eanáir 2008 nó ina dhiaidh. I ndáil le gach dliteanas cánach eile tá an Ghníomhaireacht meáite ar a bheith ina heiseamláir maidir le dlíthe cánachais a chomhall agus a cuid oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

#### b) Réiteach an chaiteachas cánach atá san áireamh i mbrabús agus cailteanas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme:

Tá an cháin a measadh maidir leis an mbliain airgeadais difriúil leis an ngnáthráta cánach corparáide in Éirinn (25%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	2022 €	2021 €
(Easnamh)/Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	(8,601,458)	2,980,676
(Cailteanas)/ Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna n-iolrú faoin ráta cánach is infheidhme i bPoblacht na hÉireann, is é sin, 25% (2021 25%)	(2,150,365)	745,169
Éifeachtaí an:		
Caiteachais nach bhfuil le hasbhaint	83,858	42,570
Liúntais chaipitil sa mbreis ar dhímheas	(3,261)	(12,351)
Liúntais chaipitil bhreise arna n-úsáid	9,423	-
Cáin larchurtha	(535)	(4,716)
Gluaiseacht ar luach cothrom Réadmhaoin Infheistíochta (gan a bheith faoi réir cánach)	2,060,345	(796,391)
<b>Cáin ar (chailteanas)/bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (nóta 13(a))</b>	<b>(535)</b>	<b>(25,719)</b>

**14. Infháltais**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Feichiúnaithe Cíosá	19,812	10,723
Cáin Chorporáide	10,365	70,096
Feichiúnaithe eile agus Réamhíocaíochtaí	178,068	126,728
Sócmhainn Chánach Iarchurtha*	39,826	39,291
Ioncam Fabhráithe	5,625	24,318
CBL	-	14,605
	<b>253,696</b>	<b>285,761</b>
<b>*Sócmhainn Chánach Iarchurtha</b>		
Ar Dhaingneáin agus Feistis	39,826	39,291
<b>Gluaiseacht ar dhifriochtaí sealadacha i gcaitheamh na bliana</b>	<b>Iarmhéid 31 Nollaig 2021 €</b>	<b>Aitheanta in I agus C €</b>
Ar Dhaingneáin agus Feistis	39,291	535
		39,826

**15. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)**

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe		
- Oibríochtaí	430,015	322,938
- Forbairt Réadmhaoine	663,817	752,687
Cáin Siarghabhála Seirbhísí Gairmiúla agus Cáin maidir le Conarthaí ábhartha	8,977	16,577
Asbhaintí Ilghnéitheacha	11,808	4,012
Fabhrú Pá Saoire	8,274	16,083
CBL	6,817	-
Taiscí Urrúis Tionóntaithe	156,633	232,765
Ioncam Iarchurtha	43,257	12,995
ÍMAT agus ÁSPC	33,874	33,471
	<b>1,363,472</b>	<b>1,391,528</b>

I mí na Nollag 2022, bronnadh €43,257 ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (Clár Discover) a bhain le bliain airgeadais 2023 agus déileáladh leis an méid sin mar ioncam iarchurtha.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

### 16. Cuntas Caipitil

		2022	2021
		€	€
1 Eanáir	larmhéid Tosaigh	61,779,575	61,158,575
	Maoiniú: Státhchiste		
	- Oibreacha Forbartha	735,000	621,000
31 Nollaig	larmhéid Deiridh	62,514,575	61,779,575

### 17. Costais Phinsin

#### a) Scéim Pinsin

Faoi Alt 21 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, cuireann an Ghníomhaireacht scéim um dheonú sochar aoisliúntais ar fáil dá foireann agus ina leith, faoi réir cheadaithe ón Aire. Oibríodh Scéim Aoisliúntais an DHDA agus Scéim Phinsin Chéilí agus Leanaí ar 'bhonn riaracháin' cheadaithe go dtí gur cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go foirmiúil í ar an 27 Márta 2017 le toiliú ón Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Forálann an Scéim Aoisliúntais sochair scoir (cnapshuim agus pinsean), agus sochair aisce bháis i gcás báis i mbun seirbhíse. Soláthraíonn an scéim Phinsin Chéilí agus Leanaí sochair phinsin do chéilí a mhaireann agus do leanaí cleithiúnacha na mball nach maireann. Déantar foráil maidir leis na sochair is iníoctha le baill na scéime Aonair faoi théarmaí na scéime sin faoi bhainistíocht na RCPA. Is scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe iad an dá scéim sin.

Baintear tobhaigh phinsin as tuarastail agus íoctar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad gach bliain mar aon le ranníocaíocht an fhostóra. Faoin socrú atá i bhfeidhm aisíocann an RCAC dliteanas pinsin iomlán na Gníomhaireachta de réir mar a bhíonn siad dlite agus nuair a bhíonn siad dlite. Aithníonn an DHDA a ceart i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá oiriúnú déanta ag an mBord ar láimhseáil agus nochtadh faisnéise a iarrtar sa chaighdeán cuntasáíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir), d'fhonn na dálaí atá i bhfeidhm a léiriú. Is é €3,255,000 an dliteanas pinsin FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2022 (2021: €4,686,000).

Tá na torthaí anseo thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar dhliteanas phinsin maidir le foireann na Gníomhaireachta mar a bhíodar ar an 31ú Nollaig 2022 Nollaig. Is achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar mhaithe le riachtanais FRS 102.

#### b) Boinn tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanas scéime faoi FRS102 a ríomh:

	2022	2021
Ráta lascaine	3.5%	1.2%
Méadú ar an ráta tuarastail	4.00%	3.5%
Méadú ar an ráta pinsin	3.50%	3.00%
Méadú ar an ráta boilsicthe	2.50%	2.00%
Ionchas saoil in aois 65: Fir	21.9 bliain	21.8 bliain
Ionchas saoil in aois 65: Mná	24.3 bliain	24.2 bliain

**c) Costais Phinsin**

i) Anailís ar chostais phinsin iomlána a gearradh ar chaiteachas

Tá Costais Phinsin €140,230 arna ghearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis na socrúithe chistiúcháin a comhaontaíodh leis an RCAC. Murach socrú aisíocaíochta, bheadh an tionchar seo a leanas ar na costais:

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Ranníocaíochtaí Fostóra (Príomhscéim)	87,483	52,645
Ranníocaíochtaí Fostóra (Scéim SPSPS)	52,746	92,396
Costais seirbhíse reatha *	304,000	248,000
Costais úis	60,000	36,000
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin larchurtha ón Stáchtiste	(364,000)	(284,000)
	<b>140,230</b>	<b>145,041</b>

\* Tá ranníocaíocht fostaí €45,107 (2021: €46,104) curtha san áireamh agus an costas seirbhíse reatha á ríomh.

ii) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin

	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Glandliteanas Pinsin amhail 1 Eanáir	4,686,000	4,300,000
Costais seirbhíse reatha	304,000	248,000
Costais úis	60,000	36,000
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais scéime	(1,788,000)	109,000
Pinsin arna n-foc sa bhliain	(7,000)	(7,000)
Glandliteanas Pinsin amhail 31 Nollaig	<b>3,255,000</b>	<b>4,686,000</b>

**18. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara**

Is é atá i bpríomhphearsanra bainistíochta sa DHDA an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €288,947 (2021: €342,078). Clúdach máithreachais san áireamh don Phríomhoifigeach Airgeadais in 2021.

**19. Teagmhais i nDiaidh an Chláir Chomhardaithe**

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann tar éis na tréimhse tuairiscithe, a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

**20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 20 Meitheamh 2023.



# NÓTAÍ

# NÓTAÍ

# NÓTAÍ





**An Roinn Comhshaoil,  
Aeráide agus Cumarsáide**  
Department of the Environment,  
Climate and Communications

**Gníomhaireacht Forbartha  
don Mhol Digiteach**  
An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8  
D08 TCV4, Éire

**T:** +353 1 480 6200  
**R:** [info@thedigitalhub.com](mailto:info@thedigitalhub.com)  
[www.thedigitalhub.com](http://www.thedigitalhub.com)